**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0316/2023**

30.10.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828
(COM(2023)0155 – C9-0117/2023 – 2023/0083(COD))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: René Repasi

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta
Sunčana Glavak, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................55

IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ................................................................................................................................57

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA.......................................................................................................58

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ...................................................................99

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......100

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828 (COM(2023)0155 – C9-0117/2023 – 2023/0083(COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0155),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0117/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0316/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é an cuspóir atá le Treoir (AE) | (1) Is é is cuspóir do Threoir (AE) |

| | |
|---|---|
| 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á bhaint amach ag an am céanna. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais, is é an cuspóir atá leis an Treoir seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus tomhaltas níos inbhuanaithe á chur chun cinn ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin comhlánaíonn sí an cuspóir a shaothraítear le Treoir (AE) 2019/771. | 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á bhaint amach ag an am céanna ***chomh maith le ciorclaíocht mhéadaithe laistigh den gheilleagar***. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais, is é is cuspóir don Treoir seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus tomhaltas níos inbhuanaithe á chur chun cinn ag an am céanna, agus comhlánaíonn sí, dá bhrí sin, an cuspóir a shaothraítear le Treoir (AE) 2019/771. |
| [12] Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28). | [12] Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Chun diúscairt roimh am earraí inmharthana a cheannaíonn tomhaltóirí a laghdú agus chun tomhaltóirí a spreagadh a gcuid earraí a úsáid níos faide, is gá ***rialacha a leagan amach maidir le*** deisiú ***na n-earraí sin***. Ba cheart tomhaltas ***níos*** inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar dheisiú, ós rud é gur dócha go nginfear níos lú dramhaíola de bharr earraí a dhiúscairt, níos lú éilimh ar acmhainní, lena n-áirítear fuinneamh, mar thoradh ar an bpróiseas lena ndéantar earraí nua a mhonarú agus a dhíol le cur in ionad earraí lochtacha, chomh maith le níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuireann an | (3) Chun laghdú a dhéanamh ar dhiúscairt roimh am na n-earraí inmharthana a cheannaíonn tomhaltóirí agus chun tomhaltóirí a spreagadh úsáid níos faide a bhaint as a gcuid earraí, is gá ***ceart chun deisiúcháin na dtomhaltóirí a neartú, trínar féidir le tomhaltóirí*** deisiú ***atá ar ardcháilíocht agus inacmhainne a lorg óna rogha soláthraí***. Ba cheart tomhaltas inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar dheisiú, ***lena n-urramaítear teorainneacha pláinéadacha*** ós rud é gur dócha gur lú dramhaíl a ghinfear leis, dramhaíl ar ann di de thoradh earraí a dhiúscairt, gur lú éileamh a bheidh ar |

| | |
|---|---|
| Treoir seo tomhaltas inbhuanaithe chun cinn d'fhonn sochair a bhaint amach don chomhshaol agus, ag an am céanna, sochair a bhaint amach do thomhaltóirí trí chostais a bhaineann le ceannacháin nua a sheachaint sa ghearrthéarma. | acmhainní, lena n-áirítear fuinneamh, mar thoradh ar an bpróiseas lena ndéantar earraí nua a mhonarú agus a dhíol agus a chuirtear in ionad earraí lochtacha, chomh maith le níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuireann an Treoir seo tomhaltas inbhuanaithe chun cinn d'fhonn sochair a bhaint amach don chomhshaol***, trí shaolré táirgí a chur chun cinn lena n-áirítear athúsáid, deisiú agus athchóiriú,*** agus sochair á soláthar léi freisin do thomhaltóirí trí chostais a bhaineann le ceannacháin nua a sheachaint sa ghearrthéarma. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tá réimse leathan gnéithe i gceist le hiompraíocht tomhaltóirí. Agus rogha á déanamh idir earra a dheisiú nó a cheannach nua, bíonn ról tábhachtach ag critéir ar an gcinneadh, amhail éifeachtúlacht eacnamaíoch, marthanacht, a ghaireacht do sheirbhís deisiúcháin, agus an t-am a theastaíonn chun deisiúchán a dhéanamh. D'fhéadfadh bacainní éagsúla cosc a chur ar thomhaltóirí ó dheisiú a roghnú, amhail neamh-infhaighteacht faisnéise maidir le hindeisitheacht táirge agus earra á cheannach, easpa rochtana ar pháirteanna spártha, easpa faisnéise maidir le seirbhísí deisiúcháin, agus costais an deisithe. I dteannta na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo, ba cheart bearta múscailte feasachta chun cultúr deisiúcháin a chur chun cinn, feabhas a chur ar eolas na dtomhaltóirí ar chothabháil chuí agus cúram cuí táirgí agus eolas ar na cearta atá acu cheana, lena n-áirítear ó thaobh ráthaíocht dhlíthiúil de, chomh maith le dreasachtaí airgeadais do thomhaltóirí, do tháirgeoirí*** |

***agus do dheisitheoirí a chur chun cinn agus a chothú ar bhealach coibhéiseach.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart go gcuimseodh ceanglais indeisitheachta na ceanglais uile faoi ghníomhartha dlí an Aontais lena n-áirithítear gur féidir earraí a dheisiú, lena n-áirítear ceanglais faoin gcreat éicidhearthóireachta dá dtagraítear i Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], ach gan a bheith teoranta dóibh, chun raon leathan táirgí a chumhdach chomh maith le forbairtí a dhéanfar amach anseo ***in aon réimse eile de dhlí an Aontais***. | (6) Ba cheart do cheanglais indeisitheachta na ceanglais uile faoi ghníomhartha dlí an Aontais a chuimsiú lena n-áirithítear gur féidir earraí a dheisiú, lena n-áirítear ceanglais faoin gcreat éicidhearthóireachta dá dtagraítear i Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], ach gan a bheith teoranta dóibh sin, chun raon leathan táirgí chomh maith le forbairtí a dhéanfar amach anseo a chumhdach. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí oiriúnacha deisithe a shainaithint agus a roghnú, ba cheart faisnéis bhunriachtanach maidir le seirbhísí deisiúcháin a thabhairt do thomhaltóirí. Ba cheart príomhpharaiméadair a mbíonn tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí agus iad ag breithniú ar chóir earraí lochtacha a dheisiú a leagan síos leis an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú. Ba cheart formáid chaighdeánaithe shamplach a leagan amach sa Treoir seo. Le formáid chaighdeánaithe chun seirbhísí deisiúcháin a chur i láthair, ba cheart go mbeadh tomhaltóirí in ann measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí | (7) Chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí oiriúnacha deisiúcháin a shainaithint agus a roghnú, ba cheart do thomhaltóirí faisnéis bhunriachtanach maidir le seirbhísí deisiúcháin a fháil. Ba cheart don Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú príomhpharaiméadair a leagan síos a bhfuil tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí agus breithniú á dhéanamh acu i dtaobh earraí lochtacha a dheisiú. Ba cheart don Treoir seo formáid chaighdeánaithe shamplach a leagan amach. Ba cheart d'fhormáid chaighdeánaithe chun seirbhísí deisiúcháin a chur i láthair, lamháil do thomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí |

| | |
|---|---|
| deisiúcháin agus iad a chur i gcomparáid le chéile go héasca. Ba cheart go n-éascódh formáid chaighdeánaithe den sórt sin an próiseas chun faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí deisiúcháin, go háirithe do mhicrifhiontair, do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin. ***Chun ualaí breise a sheachaint mar gheall ar cheanglais fhorluiteacha maidir le faisnéis réamhchonarthach, ba cheart a mheas go bhfuil na ceanglais chomhfhreagracha faisnéise a bhaineann le gníomhartha dlí ábhartha an Aontais comhlíonta ag deisitheoir, i gcás inarb infheidhme, más rud é go bhfuil an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú líonta isteach i gceart agus curtha ar fáil don tomhaltóir.*** Ba cheart faisnéis san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach soiléir sothuigthe agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882[14]. | deisiúcháin agus iad a chur i gcomparáid le chéile go héasca. Ba cheart don fhormáid chaighdeánaithe sin éascú a dhéanamh ar an bpróiseas chun faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí deisiúcháin, go háirithe i gcás micrifhiontar, gnólachtaí beaga agus gnólachtaí meánmhéide a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin. Ba cheart an fhaisnéis atá san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach soiléir sothuigthe agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882[14]. |
| [14] Treoir 2019/882/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). | [14] Treoir 2019/882/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart saor-rogha an tomhaltóra cinneadh a dhéanamh cé a dhéanfaidh a chuid earraí a dheisiú a éascú tríd an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú ***a iarraidh*** ní hamháin ***ar*** an táirgeoir, ach freisin ar dhíoltóir na n-earraí lena mbaineann nó ar na deisitheoirí neamhspleácha, i gcás inarb infheidhme. Níor cheart do dheisitheoirí an Fhoirm | (8) Ba cheart saor-rogha an tomhaltóra cinneadh a dhéanamh i dtaobh cé a dheisíonn a chuid earraí a éascú tríd an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú ***a chuirtear ar fáil go deonach*** ní hamháin ***ón*** táirgeoir, ach freisin ó dhíoltóir na n-earraí lena mbaineann nó ó deisitheoirí neamhspleácha, i gcás inarb infheidhme. Níor cheart do dheisitheoirí an |

Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil ach amháin ***i gcás ina n-iarrann an tomhaltóir an fhoirm sin agus ina bhfuil sé beartaithe ag an deisitheoir an tseirbhís deisiúcháin a sholáthar nó ina bhfuil sé d'oibleagáid air í a dheisiú***. Féadfaidh tomhaltóir ***a roghnú freisin gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a iarraidh agus*** conradh a thabhairt i gcrích chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar le deisitheoir de bhun faisnéis réamhchonarthach arna soláthar ar mhodhanna eile i gcomhréir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a chur ar fáil ach ***ar bhonn deonach*** amháin. Féadfaidh tomhaltóir freisin conradh maidir le soláthar seirbhísí deisiúcháin a thabhairt i gcrích le deisitheoir de bhun faisnéis réamhchonarthach a sholáthraítear ar mhodhanna eile i gcomhréir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

---

[15] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64–88).

[15] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64–88).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá cásanna ann ina dtabhaíonn deisitheoir costais is gá chun an fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi phraghas atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. ***Mar shampla,*** d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an deisitheoir iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí le bheith in ann an fabht nó an cineál deisiúcháin is gá a chinneadh, lena n-áirítear an gá atá le páirteanna spártha, agus an praghas deisiúcháin a mheas. Sna | (9) Tá cásanna ann ina dtabhaíonn deisitheoir costais a bhfuil gá leo chun an fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi phraghas atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a sholáthar. ***Ba cheart muirearú na gcostas sin a bheith teoranta do chásanna ina*** bhféadfadh sé go mbeadh ar an deisitheoir iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí chun bheith ábalta an locht nó an cineál deisiúcháin is gá a chinneadh, lena n-áirítear an gá atá le |

| | |
|---|---|
| cásanna sin, ní féidir le deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir ach na costais is gá a íoc chun ***an*** fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. I gcomhréir leis an bhfaisnéis réamhchonarthach agus le ceanglais eile a leagtar amach i dTreoir 2011/83/AE, ba cheart don deisitheoir an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na costais sin sula n-iarrfaidh an tomhaltóir go soláthrófaí an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán. Féadfaidh tomhaltóirí gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ***a iarraidh*** i gcás ina measann siad go bhfuil na costais a bhaineann leis an bhfoirm sin a fháil ró-ard. | páirteanna spártha, agus an praghas deisiúcháin a mheas. Sna cásanna sin, ní fhéadfaidh deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir ach na costais is gá a íoc chun an fhaisnéis ***sin*** atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a sholáthar. ***Níor cheart do na costais sin a bheith ina gconstaic ar an gcuid eile den phróiseas deisiúcháin ar bhealach ar bith ná tionchar athchomhairleach a bheith acu ar an deisiú i gcoitinne***. I gcomhréir leis an bhfaisnéis réamhchonarthach agus le ceanglais eile a leagtar amach i dTreoir 2011/83/AE, ba cheart don deisitheoir an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na costais sin sula n-iarrann an tomhaltóir an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a sholáthar. Féadfaidh tomhaltóirí staonadh ón Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú ***a fháil*** i gcás ina measann siad go bhfuil na costais a bhaineann leis an bhfoirm sin a fháil ró-ard. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Le Treoir (AE) 2019/771 forchuirtear oibleagáid ar dhíoltóirí earraí a dheisiú i gcás easpa comhréireachta a bhí ann an tráth a seachadadh na hearraí agus a thagann chun solais laistigh den tréimhse dliteanais. Faoin Treoir sin, níl tomhaltóirí i dteideal lochtanna atá lasmuigh den oibleagáid sin a dheisiú. Mar thoradh air sin, déantar líon mór earraí atá lochtach, ach atá inmharthana ar shlí eile, a dhiúscairt roimh am. Chun tomhaltóirí a spreagadh lena gcuid earraí a dheisiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart, leis an Treoir seo, oibleagáid a fhorchur ar tháirgeoirí earraí a dheisiú ***a bhfuil feidhm ag ceanglais indeisitheachta arna bhforchur ag gníomhartha dlí an Aontais maidir leo***. Ba cheart an oibleagáid | (11) Le Treoir (AE) 2019/771 forchuirtear oibleagáid ar dhíoltóirí i leith earraí a dheisiú i gcás easpa comhréireachta a bhí ann tráth sheachadadh na n-earraí agus a thagann chun solais laistigh den tréimhse dliteanais. Faoin Treoir sin, níl tomhaltóirí i dteideal deisiú ar lochtanna nach dtagann faoin oibleagáid sin. Mar thoradh air sin, déantar líon mór earraí atá lochtach, ach atá inmharthana seachas sin, a dhiúscairt roimh am. Chun tomhaltóirí a spreagadh lena gcuid earraí a dheisiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart, leis an Treoir seo, oibleagáid a fhorchur ar tháirgeoirí na hearraí ***a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo*** a dheisiú. Ba cheart an oibleagáid deisiúcháin sin a |

| | |
|---|---|
| deisiúcháin sin a fhorchur, arna iarraidh sin don tomhaltóir, ar tháirgeoirí na n-earraí sin, ós rud é gurb iad seolaithe na gceanglas indeisitheachta sin iad. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir le táirgeoirí atá bunaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon i ndáil le hearraí a chuirtear ar mhargadh an Aontais. | fhorchur, arna iarraidh sin don tomhaltóir, ar tháirgeoirí na n-earraí sin, ós rud é gurb iad seolaithe na gceanglas indeisitheachta sin iad. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin i leith táirgeoirí atá bunaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon i ndáil le hearraí a chuirtear ar mhargadh an Aontais. ***Mar sin féin, ba cheart an oibleagáid i leith deisiúcháin a bheith comhréireach agus infhaighteacht páirteanna spártha ar feadh shaolré an táirge a chur san áireamh léi. Ba cheart ar a laghad páirteanna spártha a chur ar fáil ar feadh na tréimhse a leagtar amach i ngníomhartha an Aontais. Thairis sin, níor cheart, leis an Treoir seo, amhras a chaitheamh ar shaoirse eacnamaíoch na dtáirgeoirí i dtaobh deireadh a chur le monarú táirge.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ós rud é go gcumhdaíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a fhorchuirtear ar tháirgeoirí faoin Treoir seo lochtanna nach é neamh-chomhréireacht na n-earraí le conradh díolacháin is cúis leo, féadfaidh táirgeoirí deisiúchán a sholáthar in aghaidh praghas a íocann an tomhaltóir nó deisiúchán a sholáthar saor in aisce. Agus praghas á ghearradh, ba cheart táirgeoirí a spreagadh le samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí deisiúcháin a sholáthar. Féadfar a chur san áireamh i bpraghas den sórt sin, mar shampla, costais saothair, costais do pháirteanna spártha, costais chun an tsaoráid deisithe a oibriú agus gnáthchorrlach. Ba cheart an praghas ar dheisiú agus na coinníollacha deisithe a chomhaontú i gconradh idir an tomhaltóir agus an táirgeoir agus ba cheart go leanfadh an tomhaltóir de bheith saor chun | (12) Ós rud é go gcumhdaíonn an oibleagáid i leith deisiúcháin a fhorchuirtear ar tháirgeoirí faoin Treoir seo lochtanna nach é neamh-chomhréireacht na n-earraí le conradh díolacháin is cúis leo, féadfaidh táirgeoirí deisiú a sholáthar ar phraghas a íocann an tomhaltóir, ar chúiteamh de chineál eile nó deisiú a sholáthar saor in aisce. Agus praghas á mhuirearú, ba cheart táirgeoirí a spreagadh le samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí deisiúcháin a sholáthar. Féadfar a chur san áireamh sa phraghas sin, mar shampla, costais saothair, costais do pháirteanna spártha, costais chun an tsaoráid deisiúcháin a oibriú agus gnáthchorrlach. ***I gcásanna nach féidir na costais sin a mheas roimh an deisiú a dhéanamh, ba cheart faisnéis maidir leis an uasphraghas a bhfuiltear ag dréim leis a sheachadadh do*** |

a chinneadh an bhfuil an praghas sin agus na coinníollacha sin inghlactha. Ba cheart go spreagfadh an gá atá le conradh den sórt sin agus an brú iomaíoch ó dheisitheoirí eile táirgeoirí a bhfuil oibleagáid orthu deisiúchán a dhéanamh chun an praghas a choinneáil inghlactha don tomhaltóir. Féadfar an oibleagáid deisithe a dhéanamh saor in aisce freisin nuair a chumhdaítear an locht le ráthaíocht tráchtála, mar shampla, i ndáil le marthanacht ráthaithe earraí.

***thomhaltóirí.*** Ba cheart an praghas ar dheisiú agus na coinníollacha deisiúcháin a chomhaontú i gconradh idir an tomhaltóir agus an táirgeoir agus ba cheart go leanfadh an tomhaltóir de bheith saor chun a chinneadh an bhfuil an praghas sin agus na coinníollacha sin inghlactha. Ba cheart don ghá atá le conradh den sórt sin a bheith ann agus don bhrú iomaíoch ó dheisitheoirí eile spreagadh a thabhairt do tháirgeoirí a bhfuil sé d'oibleagáid orthu deisiúchán a dhéanamh, an praghas a choinneáil inghlactha don tomhaltóir. Féadfar an oibleagáid i leith deisiúcháin a fheidhmiú saor in aisce freisin nuair a chumhdaítear an locht le ráthaíocht tráchtála, mar shampla, i ndáil le marthanacht ráthaithe earraí. ***Mar dhreasú do thomhaltóirí a dtáirge a dheisiú lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil, féadfaidh táirgeoir iasacht d'earra athsholáthair nó d'earra athchóirithe a chur ar fáil fad a bheidh an deisiúchán á dhéanamh, earra a mbeifear ag dréim lena thabhairt ar ais a luaithe a bhfaighidh an tomhaltóir a earra deisithe ar ais.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Féadfaidh táirgeoirí a n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh trí fhochonraitheoireacht, mar shampla, mura bhfuil an bonneagar deisiúcháin ag an táirgeoir ***nó más*** féidir le deisitheoir atá suite níos gaire don tomhaltóir deisiúchán a dhéanamh, ***i measc nithe eile*** i gcás ina bhfuil an táirgeoir bunaithe lasmuigh den Aontas. | (13) Féadfaidh táirgeoirí a n-oibleagáid deisiúchán a chomhlíonadh tríd an deisiúchán a chur amach ar fhochonradh, mar shampla, mura bhfuil an bonneagar deisiúcháin ag an táirgeoir. ***Chun costais loingseoireachta agus astaíochtaí neamhriachtanacha a chosc, ba cheart an deisiú a dhéanamh chomh gar agus is féidir don tomhaltóir. Dá bhrí sin,*** is féidir le deisitheoir atá suite níos gaire don tomhaltóir an deisiúchán a dhéanamh, ***go háirithe sna cásanna sin*** ina bhfuil an táirgeoir bunaithe lasmuigh den Aontas. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó i mbearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] , ar dá réir ba cheart do tháirgeoirí rochtain a thabhairt ar pháirteanna spártha, ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó ar aon uirlisí bogearraí, dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla a bhaineann le deisiú. Áirithítear leis na ceanglais sin indéantacht theicniúil an deisithe, ní hamháin ag an táirgeoir, ach ag deisitheoirí eile freisin. ***Mar thoradh air sin, is féidir leis an tomhaltóir*** deisitheoir dá rogha féin a roghnú. | (14) Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó i mbearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], ar dá réir ba cheart do tháirgeoirí rochtain a thabhairt ar pháirteanna spártha, ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó ar aon uirlisí bogearraí, dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla a bhaineann le deisiú. Áirithítear leis na ceanglais sin indéantacht theicniúil an deisithe, ní hamháin ag an táirgeoir, ach ag deisitheoirí eile freisin. ***Chun na bearta sin a chomhlánú, ba cheart rochtain do dheisitheoirí, d'athmhonaróirí, d'athchóiritheoirí neamhspleácha agus d'úsáideoirí deiridh ar pháirteanna spártha uile, ar fhaisnéis agus uirlisí uile, lena n-áirítear uirlisí diagnóiseacha, a sholáthar ar chostas réasúnta agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn do shaolré ionchasach an táirge ar a laghad. Dá réir sin, ba cheart iomaíocht a áirithiú leis sin agus go rachadh sé chun tairbhe do thomhaltóirí le seirbhísí níos fearr agus praghsanna níos ísle agus*** a rogha deisitheora ***á roghnú acu, nó i gcás ina bhfuil ar a gcumas chun a dhéanta, an deisiúchán a dhéanamh as a stuaim féin. Tá castacht agus sábháilteacht an deisiúcháin nasctha leis an gcineál fearais. I gcás ina bhféadfaí a thuar go réasúnta go bhféadfadh guais sábháilteachta a bheith mar thoradh ar an deisiú a dhéanfaí faoi lámha an*** |

***ghnáth-thomhaltóra nó go mbeadh uirlisí ardfhorbartha ag teastáil, ba cheart do na táirgeoirí rabhadh sainráite a thabhairt don tomhaltóir.***

__________________

[16] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lgh. 10–35).

__________________

[16] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lgh. 10–35).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart go mbeadh an oibleagáid deisithe éifeachtach freisin i gcásanna ina bhfuil an táirgeoir bunaithe lasmuigh den Aontas. Chun a chur ar a cumas do thomhaltóirí dul i muinín oibreoir eacnamaíoch atá bunaithe laistigh den Aontas chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, déantar foráil sa Treoir seo maidir le seicheamh oibreoirí eacnamaíocha malartacha ar gá dóibh oibleagáid an táirgeora deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh sna cásanna sin. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar ***a gcumas*** do tháirgeoirí atá ***lonnaithe*** lasmuigh den Aontas a n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a eagrú agus a chomhlíonadh laistigh den Aontas. | (15) Ba cheart go mbeadh an oibleagáid i leith deisiúcháin éifeachtach freisin i gcásanna ina bhfuil an táirgeoir bunaithe lasmuigh den Aontas. Chun a chur ar a gcumas do thomhaltóirí dul i muinín oibreora eacnamaíoch atá bunaithe laistigh den Aontas chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, déantar foráil sa Treoir seo maidir le seicheamh na n-oibreoirí malartacha eacnamaíocha a gceanglaítear orthu oibleagáid an táirgeora i leith deisiúcháin a chomhlíonadh sna cásanna sin. ***Mar gheall ar an ról atá acu i slabhra soláthair na n-earraí do thomhaltóirí, ba cheart soláthraithe seirbhíse comhlíonta a chumhdach leis an Treoir seo freisin. Ba cheart go gcoiscfeadh sé sin cásanna nach bhfuil aon oibreoir eacnamaíoch bunaithe san Aontas chun an oibleagáid deisiúcháin a chomhlíonadh. Ba cheart*** do tháirgeoirí atá bunaithe ***lasmuigh*** den Aontas a n-oibleagáid i leith deisiúcháin a eagrú agus a chomhlíonadh laistigh den Aontas. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ionas nach gcuirfear ró-ualach ar tháirgeoirí agus chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh, ba cheart an oibleagáid sin ***a theorannú*** do na táirgí sin dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais agus a mhéid a fhoráiltear d'aon cheanglais indeisitheachta. Ní chuireann ceanglais indeisitheachta oibleagáid ar tháirgeoirí earraí lochtacha a dheisiú, ach áirithíonn siad go bhfuil earraí indeisithe. Is féidir ceanglais indeisitheachta den sórt sin a leagan síos i ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. Is samplaí iad gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó bearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], lena gcruthaítear creat chun inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí a fheabhsú. Áirithítear leis an teorannú sin ar an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh nach mbeidh ach na hearraí sin atá indeisithe trí dhearadh faoi réir oibleagáid den sórt sin. Áirítear ar na ceanglais indeisitheachta ábhartha ceanglais deartha lena bhfeabhsaítear an cumas na hearraí a dhíchóimeáil agus raon páirteanna spártha atá le cur ar fáil ar feadh íostréimhse. Comhfhreagraíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh do raon feidhme na gceanglas indeisitheachta, mar shampla, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais éicidhearthóireachta ach amháin maidir le comhpháirteanna áirithe de na hearraí nó féadfar tréimhse shonrach ama a leagan síos chun páirteanna spártha a chur ar fáil. Leis an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh faoin Treoir seo, lenar féidir leis an tomhaltóir deisiúchán a éileamh go díreach | (16) Ionas nach gcuirtear ró-ualach ar tháirgeoirí agus chun a áirithiú go bhfuil siad ábalta a n-oibleagáid i leith deisiúcháin a chomhlíonadh, ba cheart an oibleagáid sin ***a leagan síos*** do na táirgí sin a bhfuil ceanglais indeisitheachta foráilte ina leith i ngníomhartha dlí an Aontais agus a mhéid a fhoráiltear d'aon cheanglais indeisitheachta sna gníomhartha dlí sin ***agus i gcás táirgi indeisithe eile, lena n-áirítear rothair***. Ní chuireann ceanglais indeisitheachta oibleagáid ar tháirgeoirí earraí lochtacha a dheisiú, ach áirithíonn siad go bhfuil earraí indeisithe. Is féidir na ceanglais indeisitheachta sin a leagan síos i ngníomhartha dlí ábhartha an Aontais. Is samplaí iad gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó bearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], lena gcruthaítear creat chun inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú. Áirithítear leis an teorannú sin ar an oibleagáid i leith deisiúcháin nach mbeidh ach na hearraí sin atá indeisithe trí dhearadh faoi réir oibleagáid den sórt sin. Áirítear ar na ceanglais indeisitheachta ábhartha ceanglais deartha lena bhfeabhsaítear an cumas na hearraí a dhíchóimeáil agus raon páirteanna spártha atá le cur ar fáil ar feadh íostréimhse. Comhfhreagraíonn an oibleagáid i leith deisiúcháin do raon feidhme na gceanglas indeisitheachta, mar shampla, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais éicidhearthóireachta ach amháin i leith comhpháirteanna áirithe de na hearraí nó féadfar tréimhse shonrach ama a leagan síos chun páirteanna spártha a chur ar fáil. Leis an oibleagáid i leith deisiúcháin faoin |

| | |
|---|---|
| in aghaidh an táirgeora le linn na céime iardhíola, comhlánaítear na ceanglais indeisitheachta a bhaineann le taobh an tsoláthair a leagtar síos i Rialachán [maidir leis na Táirgí Inbhuanaithe Éicidhearthóireachta] lena spreagtar éileamh na dtomhaltóirí ar dheisiú. | Treoir seo, lenar féidir leis an tomhaltóir deisiú a éileamh go díreach in aghaidh an táirgeora le linn na céime iardhíola, comhlánaítear na ceanglais indeisitheachta a bhaineann le taobh an tsoláthair a leagtar síos i Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], lena spreagtar éileamh na dtomhaltóirí ar dheisiú. |
| [17] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú). | [17] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Faoi cheann 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo agus measúnú a dhéanamh ar a rannchuidiú, agus go háirithe Airteagail 5, 9a agus 12, le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, leis an ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus leis an bhfeabhas ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí, mar aon lena dtionchar ar ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Maidir le hAirteagal 7, ba cheart dó meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na n-ardán ar líne le haghaidh deisiú bunaithe ar shonraí ó Bhallstáit aonair, ina bhfuil faisnéis faoin líon soláthraithe seirbhísí deisiúcháin gníomhacha, tomhaltóirí agus líon na n-idirbheart a dhéantar. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a dhréachtú ar na príomhthorthaí agus í a chur faoi bhráid*** |

***Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a chur ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú. Ba cheart go mbeadh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inarb iomchuí.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo liostaítear grúpaí táirgí ábhartha a chumhdaítear leis ***na ceanglais indeisitheachta sin faoi ghníomhartha dlí an Aontais***. ***Chun comhleanúnachas a áirithiú le*** ceanglais indeisitheachta ***amach anseo*** faoi ghníomhartha dlí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le grúpaí táirgí nua a chur le hIarscríbhinn II go háirithe nuair a ghlacfar ceanglais nua indeisitheachta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n‑áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[18] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an | (17) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo liostaítear grúpaí táirgí ábhartha ***maidir leis an oibleagáid i leith deisiúcháin faoin Treoir seo nó a*** chumhdaítear le ceanglais indeisitheachta faoi ghníomhartha dlí an Aontais ***mar aon le hearraí indeisithe eile, lena n-áirítear rothair. Chun comhleanúnachas a áirithiú le forbairtí sa mhargadh agus le forbairtí reachtacha a bheidh ann amach anseo***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith grúpaí táirgí nua a chur le hIarscríbhinn II***, mar shampla*** nuair a ghlactar ceanglais nua indeisitheachta. ***Agus grúpaí táirgí nua á gcur le hIarscríbhinn II, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh, go háirithe nuair a dhéantar an bhreisíocht go neamhspleách ar ghníomhartha eile faoi dhlí an Aontais***. Is den tábhachtach é, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n‑áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht |

Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[18] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 213, 12.5.2016, lch. 1).

Níos Fearr[18] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[18] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 213, 12.5.2016, lch. 1).

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun feasacht an tomhaltóra a mhéadú maidir le hinfhaighteacht deisithe agus, dá bhrí sin, an dóchúlacht a bhaineann leis sin, ba cheart do tháirgeoirí tomhaltóirí a chur ar an eolas go bhfuil an oibleagáid sin ann. Ba cheart na hearraí ábhartha a chumhdaítear leis an oibleagáid sin a lua san fhaisnéis, mar aon le míniú go gcuirtear deisiúchán ar fáil do na hearraí sin agus a mhéid a chuirtear deisiúchán ar fáil dóibh, mar shampla trí fhochonraitheoirí. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigthe, gan gá don tomhaltóir í a iarraidh, agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882. ***Tá*** saorchead ag an táirgeoir na modhanna trína gcuireann sé an tomhaltóir ar an eolas a chinneadh. | (20) Chun feasacht an tomhaltóra a mhéadú maidir le hinfhaighteacht deisithe agus, dá bhrí sin, an dóchúlacht a bhaineann leis sin, ba cheart do tháirgeoirí ***nó do dhíoltóirí*** na tomhaltóirí a chur ar an eolas go bhfuil an oibleagáid sin ann. Ba cheart na hearraí ábhartha a chumhdaítear leis an oibleagáid sin a lua san fhaisnéis, mar aon le míniú go gcuirtear deisiú ar fáil do na hearraí sin agus a mhéid a chuirtear deisiú ar fáil dóibh, mar shampla trí fhochonraitheoirí. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil don tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigthe, gan gá don tomhaltóir í a iarraidh, agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882. Tá saoirse ag an táirgeoir ***nó, i gcás inarb ábhartha, ag an díoltóir*** na modhanna trína gcuireann sé an tomhaltóir ar an eolas a chinneadh***, mar shampla trí mhodhanna ag an díolphointe ar*** |

***bhealach infheicthe feiceálach***.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun deisiúchán a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ardán ar líne amháin ar a laghad ann dá gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí oiriúnacha a chuardach. Féadfaidh an t-ardán sin a bheith ann cheana nó a bheith á oibriú go príobháideach, má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart go n-áireofaí ar an ardán sin uirlisí comparáide atá éasca le húsáid agus neamhspleách agus a chuidíonn le tomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar fhiúntas soláthraithe seirbhísí deisiúcháin éagsúla agus iad a chur i gcomparáid le chéile, agus ar an gcaoi sin tomhaltóirí a dhreasú chun deisiúchán a roghnú seachas earraí nua a cheannach. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an ardán sin éascú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin a chuardach sa chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an caidreamh idir gnólachtaí a chumhdach lena raon feidhme chomh maith le tionscnaimh deisithe faoi stiúir an phobail a chur san áireamh. | (21) Chun deisiú a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ardán ar líne amháin ar a laghad ann dá gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí oiriúnacha a chuardach. Féadfaidh an t-ardán sin a bheith ann cheana nó a bheith á oibriú go príobháideach, má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. ***Murab ann d'ardán ar líne den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le ceann a chruthú i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann***. Ba cheart go n-áireofaí ar an ardán sin uirlisí comparáide atá éasca le húsáid agus neamhspleách agus a chuidíonn le tomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar fhiúntas soláthraithe éagsúla seirbhísí deisiúcháin agus iad a chur i gcomparáid le chéile, lena ndreasaítear tomhaltóirí, dá bhrí sin, chun deisiú a roghnú seachas earraí nua a cheannach. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an ardán sin éascú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin a chuardach sa chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit a raon feidhme a leathnú freisin chun an caidreamh idir gnólachtaí chomh maith le tionscnaimh deisiúcháin faoi stiúir an phobail a chur san áireamh. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a éascú, ba cheart go mbeadh an deis ann ar an ardán ar líne do thomhaltóirí an fhoirm sin a iarraidh go díreach ón deisitheoir tríd an ardán ar líne. Ba cheart an fhéidearthacht sin a thaispeáint ar bhealach feiceálach ar an ardán ar líne. Chun feasacht a chruthú faoi ardáin náisiúnta deisithe ar líne agus chun rochtain ar na hardáin sin ar fud an Aontais a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ar a n-ardáin ar líne trí leathanaigh ghréasáin náisiúnta ábhartha atá nasctha leis an Tairseach Aonair Dhigiteach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. ***Chun feasacht na dtomhaltóirí ar an ardán ar líne a ardú,*** ba cheart do na Ballstáit ***tabhairt faoi chéimeanna iomchuí, mar shampla, fógraíocht a dhéanamh ar an*** ardán ar líne ***ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta gaolmhara nó feachtais chumarsáide a dhéanamh***. | (25) Chun an fháil ar Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a éascú, ba cheart go mbeadh an deis ann ar an ardán ar líne do thomhaltóirí an fhoirm sin a iarraidh go díreach ón deisitheoir tríd an ardán ar líne. Ba cheart an deis sin a thaispeáint ar bhealach feiceálach ar an ardán ar líne. Chun feasacht a chruthú faoi ardáin náisiúnta deisiúcháin ar líne agus chun rochtain ar na hardáin sin ar fud an Aontais a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil rochtain ar a n-ardáin ar líne trí leathanaigh ghréasáin náisiúnta ábhartha atá nasctha leis an Tairseach Aonair Dhigiteach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Ba cheart do na Ballstáit ***nasc na n-ardán ar líne le haghaidh deisiúcháin atá ann cheana ar a gcríoch a chur in iúl don Choimisiún laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo agus nasc gach*** ardáin ***nua*** ar líne ***le haghaidh deisithe a chur in iúl laistigh de 14 lá oibre tar éis a seolta***. ***Ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí a choinneáil d'ardáin ar líne le haghaidh deisiúcháin arna chlárú laistigh de na Ballstáit atá ar fáil go poiblí agus a bhfuil rochtain éasca air agus atá meaisín-inléite.*** |
| [20] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1). | [20] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Chun feasacht tomhaltóirí a ardú maidir leis an ardán ar líne le haghaidh deisiúcháin, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh, mar shampla, an t-ardán ar líne a chur in iúl ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta gaolmhara nó feachtais chumarsáide a dhéanamh. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha nó d'ardáin ar líne a cheadaíonn cianchonarthaí bearta iomchuí a dhéanamh freisin chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin ardán ar líne le haghaidh deisiúcháin, mar shampla, tríd an nasc a sheoladh chuig an tomhaltóir nó é a fhógairt sa siopa. Déanfar tomhaltóirí a bhfuil scileanna litearthachta agus scileanna digiteacha ísle acu a chur san áireamh sna modhanna chun feasacht a ardú agus beidh siad inrochtana do na tomhaltóirí sin.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Ós rud é gur fearr le tromlach soiléir de shaoránaigh an Aontais go ndéanfaí earra a dheisiú seachas ceann nua a cheannach[1a], ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn ag gach tomhaltóir a gcuid earraí a dheisiú lasmuigh de thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla. Ní hamháin go bhfónfadh sé sin don Aistriú Glas ach thacódh sé le gnólachtaí Eorpacha chomh maith. Ina leith sin, ba cheart do na Ballstáit dreasachtaí airgeadais a fhorbairt chun deisiú a chur chun cinn. I roinnt mhaith Ballstát, tá bearta den sórt sin ann cheana i bhfoirm cistí náisiúnta*** |

***deisiúcháin nó dearbháin deisiúcháin. Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na Ballstáit deisiú a chur chun cinn, ba cheart don Choimisiún leasú a mholadh don Chomhairle chun raon feidhme phointe (19) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha a leathnú chuig catagóirí táirgí eile, ar a laghad chuig na catagóirí sin a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo. D'fhéadfadh sé sin níos mó comhleanúnachais a chruthú idir na catagóirí táirgí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/112/CE ón gComhairle. D'fhéadfadh sé seo a chur ar chumas gach tomhaltóra a gcuid earraí a dheisiú seachas cinn nua a cheannach. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ós rud é go bhfuil a ngnólachtaí siúd ina gcuid bhunriachtanach den slabhra deisiúcháin. Ba cheart do na Ballstáit na bearta atá glactha a thuairisciú don Choimisiún, agus ba cheart don Choimisiún na bearta a chur ar fáil go poiblí.***

__________________

***[1a] Féach tuarascáil flais-Eorabharaiméadair 388 ó mhí an Mheithimh 2014 dar teideal 'Attitudes of Europeans towards waste management and resource efficiency' [Dearcthaí ó mhuintir na hEorpa maidir le bainistiú dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní]***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26b) Is den riachtanas é do na Ballstáit pionóis a leagan síos maidir le sáruithe ar an Treoir seo agus a áirithiú go ndeanfar iad a fhorfheidhmiú. Ba cheart do na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ba cheart don Choimisiún forbairt caighdeáin cháilíochta Eorpaigh dheonaigh a chumasú le haghaidh seirbhísí deisiúcháin, mar shampla trí chomhar deonach maidir le caighdeán idir gnólachtaí, údaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara eile a spreagadh agus a éascú nó trí iarraidh ar chaighdeánú a eisiúint do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. D'fhéadfadh caighdeán Eorpach le haghaidh seirbhísí deisiúcháin cur le muinín tomhaltóirí i seirbhísí deisiúcháin ar fud an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh ar an gcaighdeán sin gnéithe a mbíonn tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí maidir le deisiúchán, amhail an t-am chun deisiúchán a dhéanamh, infhaighteacht earraí athsholáthair sealadacha, dearbhuithe cáilíochta amhail ráthaíocht tráchtála maidir le deisiúchán, agus infhaighteacht seirbhísí coimhdeacha amhail aistriú, suiteáil agus iompar arna dtairiscint ag deisitheoirí. | (27) Ba cheart don Choimisiún an fhorbairt ar chaighdeán deonach cáilíochta Eorpach a chumasú le haghaidh seirbhísí deisiúcháin, mar shampla trí chomhar deonach maidir le caighdeán idir gnólachtaí, údaráis phoiblí agus geallsealbhóirí eile a spreagadh agus a éascú***, amhail soláthraithe deisiúcháin neamhspleácha agus soláthraithe deisiúcháin pobail,*** nó trí iarraidh ar chaighdeánú a eisiúint do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. D'fhéadfadh caighdeán Eorpach le haghaidh seirbhísí deisiúcháin cur le muinín na dtomhaltóirí as seirbhísí deisiúcháin ar fud an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh ar an gcaighdeán sin gnéithe a bhfuil tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí maidir le deisiú, amhail an t-am chun deisiú a dhéanamh, infhaighteacht earraí athsholáthair sealadacha, dearbhuithe cáilíochta amhail ráthaíocht tráchtála maidir le deisiú, agus infhaighteacht seirbhísí coimhdeacha amhail aistriú, suiteáil agus iompar arna dtairiscint ag deisitheoirí. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun deisiúchán a chur chun cinn laistigh de dhliteanas an díoltóra mar a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771, ba cheart na coinníollacha comhchuibhithe faoinar féidir an rogha idir na leigheasanna deisiúcháin agus athsholáthair a fheidhmiú a oiriúnú. An prionsabal a bhunaítear i dTreoir (AE) 2019/771 chun leas a bhaint as an mbreithniú an bhforchuirfeadh an leigheas a roghnaíodh costais ar an díoltóir atá díréireach i gcomparáid leis an leigheas eile, mar cheann de na critéir chun an leigheas is infheidhme a chinneadh, ba cheart an prionsabal sin a choimeád. Tá an tomhaltóir fós i dteideal deisiúchán a roghnú thar athsholáthar, mura rud é go mbeadh deisiúchán dodhéanta ***nó go gcuirfeadh sé costais dhíréireacha ar an díoltóir i gcomparáid le hathsholáthar***. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil na costais a bhaineann le hathsholáthar níos airde ná na costais deisithe nó comhionann leo, ba cheart don díoltóir na hearraí a dheisiú i gcónaí. ***Dá bhrí sin,*** níl an tomhaltóir ***i dteideal athsholáthar a roghnú ach amháin*** i gcás ina mbíonn ***sé níos saoire ná*** deisiú. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2019/771 a leasú dá réir. | (28) Chun deisiú a chur chun cinn laistigh de dhliteanas an díoltóra mar a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771, ba cheart oiriúnú a dhéanamh ar na coinníollacha comhchuibhithe faoinar féidir an rogha idir na leigheasanna deisiúcháin agus athsholáthair a fheidhmiú. An prionsabal a bhunaítear i dTreoir (AE) 2019/771 chun leas a bhaint as an mbreithniú i dtaobh an bhforchuirfeadh an leigheas atá roghnaithe costais ar an díoltóir atá díréireach i gcomparáid leis an leigheas eile, mar cheann de na critéir chun an leigheas is infheidhme a chinneadh, ba cheart an prionsabal sin a choimeád. Tá an tomhaltóir fós i dteideal deisiú a roghnú thar athsholáthar, mura rud é go mbeadh deisiú dodhéanta go ***fíorasach nó go dlíthiúil***. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil na costais a bhaineann le hathsholáthar níos airde ná na costais deisiúcháin nó comhionann leo, ba cheart don díoltóir na hearraí a dheisiú i gcónaí***, mura gcruthódh an deisiú míchaoithiúlacht don tomhaltóir. Ba cheart cásanna ina gcruthódh an deisiú míchaoithiúlacht shuntasach*** don tomhaltóir ***a bhreithniú de réir an cháis, agus cineál na n-earraí agus an chríoch ar chuici a bhí na hearraí ag teastáil ón tomhaltóir á gcur san áireamh. Ina leith sin, tá sé suite ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhféadfaí míchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir a thuiscint mar ualach ar dócha go ndíspreagfadh sé an gnáth-thomhaltóir óna chearta a fheidhmiú. Sa chomhthéacs sin, is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhfuil leas bailí ag an tomhaltóir maidir le húsáid neamh-idirbhriste na n-earraí, agus nach féidir*** earra athsholáthair ***sealadach a chur ar fáil nó nach féidir é a sholáthar in am trátha nó nach mbeadh sé leormhaith do riachtanais an tomhaltóra, lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***ndíspreagfaí an tomhaltóir, dá bhrí sin, ó dheisiú na n-earraí. Is féidir glacadh leis go bhfuil míchaoithiúlacht shuntasach ann freisin i gcás ina bhfuil bearta*** deisiúcháin ***déanta ar na hearraí cheana chun na caighdeáin chomhréireachta a chomhlíonadh agus inar gá na hearraí a dheisiú ina dhiaidh sin tar éis tréimhse ghearr mar gheall ar easpa comhréireachta, lena ndéantar dochar, dá bhri sin, don mhuinín as indeisitheacht na n-earraí agus a dhíspreagann an tomhaltóir óna cheart chun deisiúcháin a fheidhmiú. Thairis sin, i gcásanna nach mbeidh an t-earra i gcomhréir mar thoradh ar dheisiú, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail arna mbunú le Treoir 2019/771. Ba cheart go gcoiscfeadh sé sin cásanna ina mbíonn ar thomhaltóir earra a dheisiú go leanúnach i ngeall ar an locht céanna a bhíonn ar an earra céanna***. Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2019/771 a leasú dá réir. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Chun tacú le tomhaltóirí agus chun deisiú a dhreasú, ba cheart don díoltóir, ag brath ar shainiúlachtaí na catagóire táirge ábhartha, táirge athsholáthair a thabhairt ar iasacht don tomhaltóir, murar cuireadh an deisiú i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama. Is féidir an táirge athsholáthair seo a bheith ina earra athchóirithe freisin ach ba cheart é a thabhairt ar iasacht go sealadach don tomhaltóir gan costas. Ina theannta sin, ba cheart don díoltóir tabhairt faoin deisiú sin laistigh de thréimhse réasúnach ama.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28b) Le Treoir (AE) 2019/771 forchuirtear oibleagáid ar dhíoltóirí earraí a dheisiú i gcás easpa comhréireachta arbh ann di tráth a seachadadh na hearraí agus ar léir í a bheith ann le linn na tréimhse dliteanais. Chun deisiú a chur chun cinn laistigh den tréimhse dliteanais, a luaithe a roghnaíonn siad deisiú mar leigheas chun earra a thabhairt chun comhréireachta, ba cheart do thomhaltóirí a bheith in ann tairbhe a bhaint as tréimhse bhreise dhliteanais fhadaithe aon bhliana ag tosú ón uair a thugtar a n-earra ar ais dóibh, agus í deisithe, ar choinníoll go bhfuil teorainneacha ama coinnithe ar bun nó tugtha isteach ag na Ballstáit maidir le comhréireacht an earra bhunaidh i gcomhréir le hAirteagal 10, míreanna 1, 2 nó 3 den Treoir sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an síneadh sin ar thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla ach amháin maidir leis an gcéad deisiú faoi Threoir (AE) 2019/771. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2019/771 a leasú dá réir.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28c) Tomhaltóirí a roghnaíonn deisiú mar leigheas le go dtabharfar na hearraí chun comhréireachta, ba cheart cead a bheith acu rogha a dhéanamh idir an díoltóir nó an táirgeoir le go dtabharfar na hearraí chun comhréireachta. Nuair a roghnaíonn tomhaltóirí gur cheart don táirgeoir an táirge a thabhairt chun comhréireachta, ba cheart dliteanas*** |

| | |
|---|---|
| | ***díreach táirgeora a bhunú maidir le táirgí a dheisiú. I gcás den sórt sin, ba cheart don táirgeoir an táirge a dheisiú chun an neamh-chomhréireacht a leigheas. Ba cheart do tháirgeoirí iarracht a dhéanamh freagairt go tapa lena measúnú i dtaobh an féidir an táirge a dheisiú. Má tá an deisiú dodhéanta ba cheart don táirgeoir an cás a mheas agus é a réiteach ar bhealach atá áisiúil don tomhaltóir, mar shampla trí dhul i dteagmháil leis an díoltóir tosaigh agus leis an tomhaltóir. Chun nach ndéanfadh an díoltóir an deisiú céanna ar an bhfabht céanna i gcás den sórt sin, ba cheart an díoltóir a urscaoileadh óna dhliteanas i leith an fhabht sin agus nuair a dheisíonn an táirgeoir go rathúil é, ba cheart a mheas go bhfuil an t-earra i gcomhréireacht. Níor cheart don dliteanas táirgeora sin difear a dhéanamh d'aon chearta eile atá ag an tomhaltóir faoi Threoir (AE) 2019/771 i gcás deisiú a bheith mar leigheas ar neamhchomhréireacht.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28d) Chun tomhaltóirí a dhreasú le deisiú a roghnú, níor cheart aon téarmaí a bheith sa ráthaíocht tráchtála lena ndéanfaí tomhaltóirí a dhíspreagadh ó leas a bhaint as a cheart chun earra nach bhfuil i gcomhréireacht a dheisiú.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha iad féin a chur in oiriúint don Treoir seo, ba cheart forálacha idirthréimhseacha a thabhairt isteach maidir le cur i bhfeidhm roinnt Airteagal den Treoir seo. Dá bhrí sin, na hoibleagáidí deisiúchán a dhéanamh agus faisnéis ghaolmhar faoin oibleagáid sin a sholáthar, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí sin maidir le conarthaí chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar tar éis [***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. Níor cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Threoir (AE) 2019/771 ach amháin maidir le conarthaí díolacháin arna dtabhairt i gcrích tar éis [***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun dóthain ama a thabhairt do dhíoltóirí iad féin a chur in oiriúint do na leigheasanna leasaithe deisithe agus athsholáthair. | (30) Chun gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha iad féin a chur in oiriúint don Treoir seo, ba cheart forálacha idirthréimhseacha a thabhairt isteach maidir le cur i bhfeidhm roinnt Airteagal den Treoir seo. Dá bhrí sin, na hoibleagáidí deisiúchán a dhéanamh agus faisnéis ghaolmhar faoin oibleagáid sin a sholáthar, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí sin maidir le conarthaí chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar tar éis [***18*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. Níor cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Threoir (AE) 2019/771 ach amháin maidir le conarthaí díolacháin arna dtabhairt i gcrích tar éis [***18*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun dóthain ama a thabhairt do dhíoltóirí iad féin a chur in oiriúint do na leigheasanna leasaithe deisiúcháin agus athsholáthair. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha comhchoiteanna ***lena gcuirtear*** deisiú earraí ***chun cinn***, d'fhonn rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus foráil á déanamh ag an am céanna d'ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus don chomhshaol. | 1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha comhchoiteanna ***lena neartaítear an ceart chun deisiú earraí do thomhaltóirí***, d'fhonn rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus foráil á déanamh ag an am céanna d'ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus don chomhshaol. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. ciallaíonn 'deisiú' táirge lochtach nó dramhaíl a chur ar ais i riocht ina gcomhlíonann sé an úsáid atá beartaithe dó;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ciallaíonn 'deisitheoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís deisiúcháin a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, lena n-áirítear táirgeoirí agus díoltóirí a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus soláthraithe seirbhísí deisiúcháin, bídís neamhspleách nó cleamhnaithe le táirgeoirí nó díoltóirí den sórt sin; | 2. ciallaíonn 'deisitheoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís deisiúcháin a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, lena n-áirítear táirgeoirí agus díoltóirí a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus soláthraithe seirbhísí deisiúcháin, bídís ***deisitheoir***í neamhspleácha, ***deisitheoirí gairmiúla*** nó deisitheoirí cleamhnaithe le táirgeoirí nó díoltóirí den sórt sin; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. ciallaíonn 'oibreoir neamhspleách' duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas ionadaí údaraithe nó deisitheoir údaraithe, atá páirteach go díreach nó go hindíreach i ndeisiú agus i gcothabháil an earraí, agus áirítear leis deisitheoirí, monaróirí nó dáileoirí trealaimh deisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, mar aon le foilsitheoirí faisnéise teicniúla, oibreoirí cúnaimh, oibreoirí a thairgeann seirbhísí cigireachta agus tástála, oibreoirí a thairgeann oiliúint do shuiteálaithe agus*** |

***do sholáthróirí cianseirbhíse;***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse comhlíonta' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann, le linn gníomhaíocht tráchtála, péire ar a laghad de na seirbhísí seo a leanas: trádstóráil, pacáistiú, seoladh a chur ar tháirge agus seoladh táirge, gan úinéireacht a bheith aige ar an táirge, cé is moite de 'seirbhísí poist' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], 'seirbhísí seachadta beartán' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b], agus aon seirbhísí poist nó seirbhísí iompair lastais eile;*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a]Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14).*** |
| | ***[1b]Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann (IO L 112, 2.5.2018, lch. 19).*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Áiritheoidh na Ballstáit, sula mbeidh tomhaltóir faoi cheangal ag conradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar, go ndéanfaidh an deisitheoir, arna iarraidh sin,*** an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a leagtar amach in Iarscríbhinn I a sholáthar don tomhaltóir ar mheán marthanach de réir bhrí Airteagal 2 (11) de Threoir (AE) 2019/771. | 1. ***Féadfaidh deisitheoirí*** an Fhoirm Faisnéise Eorpach um Dheisiú a leagtar amach in Iarscríbhinn I ***a ghabhann leis an Treoir seo*** a sholáthar don tomhaltóir ar mheán marthanach de réir bhrí Airteagal 2(11) de Threoir 2019/771/AE. ***I gcásanna den sórt sin, soláthróidh táirgeoirí nó an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha faoi Airteagal 5 den Treoir seo an fhaisnéis is gá don deisitheoir chun an Fhoirm Faisnéise Eorpach um Dheisiú a chomhlánú.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Deisitheoirí nach bhfuil sé d'oibleagáid orthu deisiúchán a dhéanamh de bhua Airteagal 5, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar i gcás nach bhfuil sé i gceist acu an tseirbhís deisiúcháin a sholáthar.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir na costais a thabhaíonn ***an deisitheoir a íoc chun an fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar***. | ***I gcás inar gá scrúdú fisiceach a dhéanamh ar an táirge chun praghas an deisithe a mheas, lena n-áirítear measúnú ar an láthair,*** féadfaidh an deisitheoir a iarraidh ar an tomhaltóir na costais is gá a ***bhaineann le scrúdú fisiceach den sórt sin*** a íoc. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an praghas nó, ***mura bhfuil*** sé réasúnach ***an praghas*** a ríomh roimh ré, an modh ina ríomhfar an praghas ***agus uasphraghas an deisithe***; | (e) an ***t-uasphraghas a bhfuiltear ag súil leis don deisiú, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chostais do pháirteanna spártha, costais saothair, costais a bhaineann leis an lasta, na muirir seachadta nó phoist nó, mura féidir an*** praghas ***iomlán*** nó ***aon cheann dá fhochodanna*** a ríomh go réasúnta roimh ré, an bealach ina ríomhfar an praghas; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i a) faisnéis bhreise a chuireann an deisitheoir ar fáil go deonach.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don tomhaltóir, go ndéanfaidh an táirgeoir, ***saor in aisce nó in aghaidh praghais nó in aghaidh cineál comaoine eile,*** earraí a dheisiú ***dá*** bhforáiltear, ***agus a mhéid a*** fhoráiltear, do cheanglais indeisitheachta i ngníomhartha dlí an Aontais ***mar a liostaítear in Iarscríbhinn II***. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar an táirgeoir na hearraí sin a dheisiú i gcás nach féidir iad a dheisiú. Féadfaidh an táirgeoir | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndeiseoidh an táirgeoir, arna iarraidh sin don tomhaltóir, na hearraí a ***liostaítear in Iarscríbhinn II, cibé acu a fhoráiltear nó nach*** bhforáiltear ***do cheanglais indeisitheachta le haghaidh na n-earraí sin*** i ngníomhartha dlí an Aontais. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar an táirgeoir na hearraí sin a dheisiú i gcás ina bhfuil deisiú dodhéanta ***go fíorasach nó go dlíthiúil. Ní dhiúltóidh an táirgeoir d’iarraidh an*** |

| | |
|---|---|
| deisiúchán a ligean ar fochonradh chun a oibleagáid maidir le deisiúchán a chomhlíonadh. | ***tomhaltóra de bharr cúinsí eacnamaíocha amhail na costais amháin***. Féadfaidh an táirgeoir deisiúchán a ligean ar fochonradh chun a oibleagáid maidir le deisiúchán a chomhlíonadh. ***I gcásanna den sórt sin, soláthróidh an táirgeoir an fhaisnéis ábhartha uile don deisitheoir chun go mbeidh an deisitheoir in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar an deisiú de bhun mhír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:*** |
| | ***a) déanfar é a chur i gcrích saor in aisce nó mar chúiteamh ar chomaoin;*** |
| | ***b) déanfar é laistigh de thréimhse réasúnach ón uair a bheidh seilbh fhisiciúil ag an táirgeoir ar an earra, an t-earra faighte aige nó rochtain tugtha ag an tomhaltóir dó ar an earra;*** |
| | ***c) féadfaidh an táirgeoir earra athsholáthair a thabhairt ar iasacht don tomhaltóir saor in aisce nó in aghaidh táille réasúnta ar feadh thréimhse an deisithe; agus*** |
| | ***d) i gcásanna ina mbeidh an deisiú dodhéanta go fíorasach nó go dlíthiúil, féadfaidh an táirgeoir táirge athchóirithe a sholáthar don tomhaltóir agus déanfar an táirgeoir a urscaoileadh ón oibleagáid deisiúcháin faoin Airteagal seo nuair a ghlacfaidh an tomhaltóir leis an táirge athchóirithe sin.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil an táirgeoir a bhfuil oibleagáid air deisiúchán a dhéanamh de bhun mhír 1 bunaithe lasmuigh den Aontas, ***comhlíonfaidh*** a ionadaí ***údaraithe san Aontas oibleagáid an táirgeora.*** I gcás nach bhfuil aon ionadaí údaraithe ag an táirgeoir san Aontas, comhlíonfaidh allmhaireoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon allmhaireoir ann, comhlíonfaidh dáileoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. | 2. I gcás ina bhfuil an táirgeoir a bhfuil oibleagáid air deisiú a dhéanamh de bhun mhír 1 bunaithe lasmuigh den Aontas, ***ceapfaidh sé, trí shainordú i scríbhinn, ionadaí údaraithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir seo. Áiritheoidh sé go mbeidh na hacmhainní agus an sainordú ag*** a ionadaí údaraithe ***chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh.*** |
| | I gcás nach bhfuil aon ionadaí údaraithe ag an táirgeoir san Aontas, comhlíonfaidh allmhaireoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon allmhaireoir ann, ***comhlíonfaidh soláthraí seirbhíse comhlíonta an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon soláthraí seirbhíse comhlíonta ann,*** comhlíonfaidh dáileoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh táirgeoirí go mbeidh rochtain ag deisitheoirí neamhspleácha ar pháirteanna spártha agus ar fhaisnéis agus uirlisí a bhaineann le deisiúchán ***i gcomhréir leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II***. | 3. ***I gcás na n-earraí uile a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo,*** áiritheoidh táirgeoirí go mbeidh rochtain ag deisitheoirí ***neamhspleácha, athmhonaróirí, athchóiritheoirí agus úsáideoirí deiridh ar gach*** páirt spártha ***agus ar gach*** faisnéis agus uirlis a bhaineann le deisiú***, lena n-áirítear uirlisí diagnóise, ar chostas réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach ar feadh tréimhse a chomhfhreagraíonn do shaolré ionchasach an táirge ar a laghad.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Tabharfar rochtain ar uirlisí diagnóiseacha faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le rúin trádála a chosaint mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe 1 de Threoir (AE) 2016/943*****.** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Cuirfidh táirgeoirí ar fáil ar a suíomhanna gréasáin an fhaisnéis uile a bhaineann le deisiú, amhail praghsanna deisiúcháin agus praghsanna páirteanna spártha le haghaidh na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn II.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Ní chuirfidh táirgeoirí bac ar dheisiú le haon teicníc chonarthach, crua-earraí nó bogearraí. Ní chuirfidh táirgeoirí bac ar úsáid páirteanna spártha bunaidh nó athláimhe, páirteanna spártha comhoiriúnacha agus páirteanna spártha arna n-eisiúint ó phriontáil 3D, ag deisitheoirí neamhspleácha i gcás ina bhfuil na páirteanna spártha sin i gcomhréir leis na ceanglais faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Ní dhiúltóidh táirgeoirí feiste a ceannaíodh nó a deisíodh cheana féin lasmuigh dá seirbhís údaraithe nó dá líonraí dáileacháin a sheirbhísiú nó a dheisiú.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun Iarscríbhinn II a leasú tríd an liosta ***de ghníomhartha dlí an Aontais lena leagtar síos ceanglais indeisitheachta a thabhairt cothrom le dáta*** i bhfianaise forbairtí reachtacha. | 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun Iarscríbhinn II a leasú trí ***earraí indeisithe nua a chur leis*** an liosta i bhfianaise forbairtí reachtacha nó ***margaidh***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh táirgeoirí tomhaltóirí ar an eolas faoina n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh de bhun Airteagal 5 agus go soláthróidh siad faisnéis faoi na seirbhísí deisiúcháin ar bhealach atá inrochtana go héasca, soiléir agus sothuigthe, mar shampla tríd an ardán ar líne dá dtagraítear in Airteagal 7. | Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh táirgeoirí ***nó díoltóirí*** tomhaltóirí ar an eolas faoina n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh de bhun Airteagal 5 agus go soláthróidh siad faisnéis faoi na seirbhísí deisiúcháin ***saor in aisce,*** ar bhealach atá inrochtana go héasca, soiléir agus sothuigthe, tríd an ardán ar líne dá dtagraítear in Airteagal 7***, trína a suíomhanna gréasáin ábhartha nó ag an díolphointe***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardán amháin ar líne ar a laghad ann dá gcríoch ***lenar féidir le*** tomhaltóirí deisitheoirí a aimsiú***.*** Déanfaidh ***an t-ardán sin*** an méid seo a leanas: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardán ar líne amháin ar a laghad ann dá gcríoch***. Cuirfidh na Ballstáit tionscnaimh phríobháideacha chun cinn go háirithe iad arb é is aidhm dóibh ardáin ar líne den sórt sin a bhunú. Cuirfidh ardáin ar líne den sórt sin ar chumas*** tomhaltóirí deisitheoirí a aimsiú ***go héasca, lena n-áirítear pobail faoi stiúir deisiú agus caiféanna deisiúcháin agus*** déanfaidh siad an méid seo a leanas: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) áireofar ann feidhmeanna cuardaigh maidir le hearraí, suíomh seirbhísí deisiúcháin, dálaí deisithe, lena n-áirítear an t-am is gá chun an deisiúchán a chur i gcrích, infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair agus an áit a dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh le haghaidh deisiúcháin, infhaighteacht agus coinníollacha seirbhísí coimhdeacha, lena n-áirítear baint, suiteáil agus iompar, a thairgeann deisitheoirí, agus na caighdeáin cháilíochta Eorpacha nó náisiúnta is infheidhme; | (a) áireofar iontu feidhmeanna cuardaigh maidir le hearraí, suíomh na ***seirbhísí*** deisiúcháin***, lena n-áirítear feidhm léarscáil bhunaithe, an fhéidearthacht seirbhísí trasteorann a sholáthar***, dálaí deisithe, lena n-áirítear an t-am is gá chun an deisiú a chur i gcrích, infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair agus an áit a dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh le haghaidh deisithe, infhaighteacht agus coinníollacha seirbhísí coimhdeacha, lena n-áirítear baint, suiteáil agus iompar, a thairgeann deisitheoirí, agus na caighdeáin cháilíochta Eorpacha nó nái siúnta is infheidhme; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca)	tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi dhreasachtaí airgeadais agus fioscacha is infheidhme chun costais deisiúcháin a laghdú;*** |

**Leasú	51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da)	deis a thabhairt do thomhaltóirí athbhreithniú nó rátáil a dhéanamh, cáilíocht obair na ndeisitheoirí a léiriú;*** |

**Leasú	52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Aon uair a bhíonn ardán amháin ar a laghad i gcríoch Ballstáit faoi úinéireacht phríobháideach a chomhlíonann na ceanglais a liostaítear sa chéad fhomhír, measfar go bhfuil an oibleagáid san fhomhír sin comhlíonta ag an mBallstát faoi seach.*** |

**Leasú	53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3.	Is ar bhonn deonach a dhéanfar clárú ar an ardán ar líne le haghaidh deisitheoirí, chomh maith le díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus | 3.	Is ar bhonn deonach a dhéanfar clárú ar an ardán ar líne le haghaidh deisitheoirí, chomh maith le ***tionscnaimh deisiúcháin pobail amhail caiféanna*** |

ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú. Cinnfidh na Ballstáit an rochtain ar an ardán i gcomhréir le dlí an Aontais. Beidh úsáid an ardáin ar líne saor in aisce do thomhaltóirí.

***deisiúcháin,*** díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú. Cinnfidh na Ballstáit an rochtain ar an ardán i gcomhréir le dlí an Aontais. Beidh úsáid an ardáin ar líne saor in aisce do thomhaltóirí.

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardáin ar líne inrochtana, agus áiritheoidh siad go mbeidh an fhaisnéis a sholáthrófar cothrom le dáta, agus go gcuirfear i láthair í ar bhealach atá áisiúil don tomhaltóir.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Déanfaidh na Ballstáit an nasc chuig na hardáin ar líne atá ann cheana le haghaidh deisiú ina gcríoch a chur in iúl don Choimisiún faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus an nasc chuig gach ardán nua ar líne le haghaidh deisiú laistigh de 14 lá oibre tar éis a sheolta. Coinneoidh an Coimisiún bunachar sonraí d'ardáin ar líne le haghaidh deisiú arna chlárú laistigh de na Ballstáit atá ar fáil go poiblí, a bhfuil rochtain éasca air agus atá meaisín-inléite.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún bearta iomchuí chun tomhaltóirí, oibreoirí eacnamaíocha agus díoltóirí ábhartha a chur ar an eolas faoi infhaighteacht ardán ar líne arna mbunú de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus go bhfuil rochtain éasca ag tomhaltóirí orthu.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. Ba cheart don oibreoir eacnamaíoch ábhartha nó d'ardán ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir le hinfhaighteacht ardán ar líne, arna mbunú de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ina gcríoch.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Bearta do Mhicrifhiontair, Fhiontar Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)*** |
| | ***1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun tacú le micrifhiontair agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus na ceanglais agus na*** |

***hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo á gcomhlíonadh acu. Cuimseofar sna bearta sin na nithe seo a leanas ar a laghad:***

***a) treoirlínte nó bearta comhchosúla chun feasacht a mhúscailt maidir le conas na ceanglais agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo a chomhlíonadh;***

***b) oiliúint shaincheaptha d'fhiontraithe agus dá bhfostaithe.***

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Bearta na mBallstát lena gcuirtear deisiú chun cinn*** |
| | ***1. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun deisiúchán a chur chun cinn.*** |
| | ***2. Féadfaidh na bearta dá dtagraítear i mír 1, mar shampla, a bheith i bhfoirm dearbháin deisiúcháin, cistí deisiúcháin náisiúnta nó gníomhaíochtaí agus dreasachtaí eile.*** |
| | ***3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1 a thuairisciú don Choimisiún. Faoin ... [12 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún na bearta sin ar fáil go poiblí. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis na bearta is infheidhme faoin...[12 mhí tar éis dháta thrasuí na Treorach seo].*** |
| | ***4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm ag an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus ag an tsaoirse bunaíochta, ar saoirsí bunúsacha iad, mar a chumhdaítear sna Conarthaí maidir le*** |

***soláthraithe seirbhísí deisiúcháin, lena n-áirítear i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/958, de réir mar is infheidhme. Thairis sin, ní thabharfaidh na Ballstáit ceanglais cháilíochta isteach nach bhfuil údar leo ina ndlíthe náisiúnta do sheirbhísí deisiúcháin gairmiúla ná ní dhéanfaidh siad seiceálacha, cigireachtaí ná imscrúduithe nach bhfuil bonn cirt leo i bhfianaise na saoirsí bunúsacha sin.***

***5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh soláthraí deisiúcháin faoi dhliteanas maidir le haon easpa comhréireachta i leith na páirte nó na bpáirteanna deisithe, na ngnéithe nó na gné den earra, arbh ann dóibh nó di tráth a fuair an tomhaltóir an t-earra dheisithe agus a thagann chun solais laistigh de thréimhse íosta dhá mhí dhéag ar a laghad ón tráth sin.***

***6. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar chleachtais a chuireann bac ar thomhaltóirí a gceart chun deisiúcháin a fheidhmiú, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:***

***(a) toirmeasc a chur ar chleachtais a spreagann tomhaltóirí chun a mheas nach féidir a n-earra a dheisiú mar gheall ar dheisiú nó iniúchtaí a rinne deisitheoir neamhspleách, deisitheoir neamhghairmiúil nó úsáideoirí deiridh roimhe sin, nó trína thabhairt le tuiscint go bhféadfadh rioscaí a bhaineann le sábháilteacht teacht as a deisiú;***

***(b) toirmeasc a chur ar aon teicníc chonarthach, crua-earraí nó bogearraí lena bhféadfaí deisiú a chosc nó a theorannú agus toirmeasc a chur ar dhiúltú earra a dheisiú a deisíodh roimhe sin ag deisitheoir neamhspleách, deisitheoir neamhghairmiúil nó úsáideoir deiridh.***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar i gcónaí ceart chun deisiúcháin don táirge a chumhdaítear le linn a ré le ráthaíochtaí tráchtála i leith marthanachta a dhíoltar sa bhreis ar an ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht faoi Threoir (AE) 2019/771. Agus an ráthaíocht tráchtála á cur chun cinn acu, áiritheoidh táirgeoirí go soláthrófar achoimre ar choinníollacha na ráthaíochta tráchtála ar bhealach soiléir agus beacht, ionas go mbeidh tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas faoina gcearta agus nach gcuirfear ar míthreoir iad.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na critéir neamh-uileghabhálacha agus tháscacha seo a leanas san áireamh agus pionóis á bhforchur, i gcás inarb iomchuí:*** |
| | ***(a) cineál, tromchúis, scála agus ré an tsáraithe;*** |
| | ***(b) acmhainní airgeadais agus méid an fhiontair lena mbaineann;*** |
| | ***(c) aon ghníomhaíocht a rinne an díoltóir nó an táirgeoir chun an damáiste a bhain do thomhaltóirí a mhaolú nó a leigheas;*** |
| | ***(d) aon sáruithe a rinne an díoltóir nó an táirgeoir roimhe seo;*** |
| | ***(e) na tairbhí airgeadais a ghnóthaigh an díoltóir nó an táirgeoir, nó na caillteanais a sheachain sé de bharr an*** |

| | |
|---|---|
| | ***tsáraithe, má tá na sonraí ábhartha ar fáil;*** |
| | ***(f) pionóis arna bhforchur ar an díoltóir nó ar an táirgeoir as an sárú céanna i mBallstáit eile i gcásanna trasteorann ina bhfuil faisnéis faoi phionóis den sórt sin ar fáil tríd an sásra a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** |
| | ***(g) aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha eile is infheidhme maidir le himthosca an cháis.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. I gcás ina mbeidh pionóis le forchur i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2394, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar iontu an fhéidearthacht fíneálacha a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh maidir le fíneálacha a fhorchur, nó an dá rud, gurb ionann uasmhéid na bhfíneálacha sin agus 4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an díoltóra nó an táirgeora sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. I gcásanna ina bhfuil fíneáil le forchur i gcomhréir le mír 1b, ach nach bhfuil faisnéis faoi láimhdeachas*** |

| | |
|---|---|
| | ***bliantúil an díoltóra nó an táirgeora ar fáil, tabharfaidh na Ballstáit isteach an fhéidearthacht fíneálacha a fhorchur, a mbeidh a n-uasmhéid EUR 2 mhilliún ar a laghad.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus faoi na bearta dá dtagraítear i mír 1, faoi cheann ***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. | 2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha agus faoi na bearta dá dtagraítear i mír 1, faoi cheann ***18*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm agus tabharfaidh siad fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 7 – mír 1 – pointe d

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Leasaítear Treoir (AE) 2019/771 mar a leanas:*** |
| | ***(-1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(1), pointe (d):*** |
| beidh an chainníocht agus na cáilíochtaí agus na gnéithe eile acu, lena n-áirítear maidir le marthanacht, feidhmiúlacht, comhoiriúnacht agus slándáil, a fhaightear de ghnáth i gcomhair earraí den chineál céanna agus a bhféadfadh an tomhaltóir a bheith ag súil leo le réasún, ag féachaint do chineál na n-earraí agus i bhfianaise aon ráitis phoiblí arna dhéanamh ag an díoltóir nó ag daoine eile thar ceann an díoltóra, nó ag daoine | ‘(d) beidh an chainníocht agus na cáilíochtaí agus na gnéithe eile acu, lena n-áirítear maidir le marthanacht, ***indeisitheacht,*** feidhmiúlacht, comhoiriúnacht agus slándáil, a fhaightear de ghnáth i gcomhair earraí den chineál céanna agus a bhféadfadh an tomhaltóir a bheith ag súil leo le réasún, ag féachaint do chineál na n-earraí agus i bhfianaise aon ráitis phoiblí arna dhéanamh ag an díoltóir nó ag daoine eile thar ceann an díoltóra, nó |

| | |
|---|---|
| eile i naisc roimhe seo de shlabhra na n-idirbheart, lena n-áirítear an táirgeoir, go háirithe san fhógraíocht nó ar lipéadú. | ag daoine eile i naisc roimhe seo de shlabhra na n-idirbheart, lena n-áirítear an táirgeoir, go háirithe san fhógraíocht nó ar lipéadú*’* |

*Leasaítear téacs na coda tosaigh den mhír aonair d’Airteagal 12 anseo chun leasuithe 65-72 a chumhdach.*

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1 – pointe a (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:*** |
| In ***Airteagal 13***(2) ***de Threoir (AE) 2019/771***, cuirtear an ***abairt*** seo a leanas isteach: | ***(a)*** I ***mír*** 2, cuirtear an ***fhomhír*** seo a leanas isteach: |
| ‘De mhaolú ar an gcéad abairt den mhír seo, i gcás ina bhfuil na costais le haghaidh athsholáthair cothrom leis na costais deisiúcháin nó níos airde, déanfaidh an díoltóir na hearraí a dheisiú chun na hearraí sin a thabhairt i gcomhréireacht. | ***De*** mhaolú ar an gcéad ***fhomhír***, i gcás ina bhfuil na costais le haghaidh athsholáthair cothrom leis na costais deisithe nó níos mó ná iad, déanfaidh an díoltóir na hearraí a dheisiú chun na hearraí sin a thabhairt chun comhréireachta***, ach amháin má tá an deisiú dodhéanta go fíorasach nó go dlíthiúil nó má chruthaíonn sé míchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir’*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1 – pointe b (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 13 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |

| | |
|---|---|
| | ***‘3a. I gcás ina roghnaíonn an tomhaltóir deisiú mar an leigheas chun go dtabharfar na hearraí chun comhréireachta, féadfaidh an tomhaltóir a iarraidh go díreach ar an táirgeoir na hearraí a thabhairt chun comhréireachta. Má chomhlíonann an táirgeoir an iarraidh sin, meastar go n-urscaoileann sé an díoltóir óna dhliteanas de bhun Airteagal 10.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1 – pointe c (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 13 – mír 4 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***‘4a. I gcás, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, inar tugadh an t-earra chun comhréireachta trína deisiú, beidh an díoltóir nó an táirgeoir faoi dhliteanas i leith aon easpa comhréireachta a bhí ann an tráth a fuair an tomhaltóir na hearraí deisithe agus a thagann chun solais laistigh de bhliain amháin tar éis an ama sin ar choinníoll gur choinnigh nó gur thug na Ballstáit isteach comhréireacht an earra bhunaidh i gcomhréir le hAirteagal 10, míreanna 1, 2 nó 3. Ní bheidh feidhm ag an méid sin má dheisigh an díoltóir na hearraí go rathúil cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 10. Gan dochar d’Airteagal 7(3), beidh feidhm ag an mír seo maidir le hearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Beidh an mhír seo gan dochar do theorainneacha ama eile faoi Airteagal 10 agus d’éilimh bhreise an tomhaltóra.’*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua) – pointe a (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 14 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Déanfar deisithe ***nó athsholáthar*** a chur i gcrích: | **"**1. Déanfar deisithe a chur i gcrích: |
| (a) saor in aisce; | (a) saor in aisce; |
| (b) laistigh de thréimhse réasúnach ama ón tráth a mbeidh an tomhaltóir curtha ar an eolas faoin ***easpa comhréireachta***; ***agus*** | (b) laistigh de thréimhse réasúnach ama ón tráth a mbeidh an tomhaltóir curtha ar an eolas faoin ***deisiú;*** |
| (c) gan míchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir, agus cineál na n-earraí agus an chríoch ar chuici a bhí na hearraí ag teastáil ón tomhaltóir á gcur san áireamh**.** | (c) gan míchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir, agus cineál na n-earraí agus an chríoch ar chuici a bhí na hearraí ag teastáil ón tomhaltóir á gcur san áireamh***; agus*** |
| | ***(ca) ag brath ar shainiúlachtaí na catagóire táirgí ábhartha, go háirithe maidir lena buan-infhaighteacht don tomhaltóir, soláthróidh an díoltóir earra athsholáthair don tomhaltóir saor in aisce, lena n-áirítear earra athchóirithe ar iasacht mura féidir an deisiú a chur i gcrích le linn na tréimhse dá dtagraítear i bpointe b).*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1 a (nua) – pointe b (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 14 – mír 1 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |

| | |
|---|---|
| | ***"1a. Déanfar athsholáthar:*** |
| | ***a) saor in aisce;*** |
| | ***b) laistigh de thréimhse réasúnach ama ón uair a chuir an tomhaltóir an díoltóir ar an eolas faoin easpa comhréireachta;*** |
| | ***c) gan aon mhíchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir, agus cineál na n-earraí agus an cuspóir a raibh na hearraí ag teastáil ón tomhaltóir ina leith á gcur san áireamh.*** |
| | ***d) arna iarraidh sin go sainráite don tomhaltóir, trí earra athchóirithe a thairiscint'*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua) – pointe c (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 14 – mír 4 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***"4a. I gcás ina gcinnfidh an tomhaltóir, de bhun Airteagal 13(3a), go ndéanfaidh an táirgeoir na hearraí a thabhairt chun comhréireachta trí na ndeisiú, measfar gurb é an táirgeoir an díoltóir chun críche an Airteagail seo.'*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**
Treoir (AE) 2019/771
Airteagal 17 – mír 1 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) In Airteagal 17 cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |

***“1a. Tá an ráthaíocht tráchtála gan dochar do cheart an tomhaltóra de bhun Airteagal 13(3a) rogha a dhéanamh don táirgeoir earra nach bhfuil i gcomhréireacht a dheisiú. Aon téarmaí de chuid na ráthaíochta tráchtála a dhíspreagann an tomhaltóir ó úsáid a bhaint as a cheart de bhun Airteagal 13(3ú), measfar iad a bheith ar neamhní.’***

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 14a*** |
| | ***Tuarascáil mheastóireachta*** |
| | ***1. Faoi cheann 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus measúnú ar a rannchuidiú, agus go háirithe Airteagail 5, 9a agus 12, le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, leis an ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus leis an bhfeabhas ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí, mar aon lena dtionchar ar ghnólachtaí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |
| | ***Maidir le hAirteagal 7, déanfaidh sé meastóireacht agus measúnú ar éifeachtacht na n-ardán ar líne le haghaidh deisiú bunaithe ar shonraí ó Bhallstáit aonair, ina bhfuil faisnéis faoin líon soláthraithe seirbhísí deisiúcháin gníomhacha, tomhaltóirí agus líon na n-idirbheart a dhéantar.*** |
| | ***2. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil ar na príomhthorthaí agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún í. Cuirfidh na*** |

***Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.***

***3. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inarb iomchuí.***

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(1) agus (2) ná ag Airteagal 6 den Treoir seo maidir le conarthaí chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar arna dtabhairt i gcrích roimh [***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. | 1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(1) agus (2) ná ag Airteagal 6 den Treoir seo maidir le conarthaí chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar arna dtabhairt i gcrích roimh [***18*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 12 den Treoir seo maidir le conarthaí díolacháin arna dtabhairt i gcrích roimh [***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] | 2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 12 den Treoir seo maidir le conarthaí díolacháin arna dtabhairt i gcrích roimh [***18*** mí tar éis an teacht i bhfeidhm] |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [24 mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas | Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [***18*** mí tar éis don Treoir seo teacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an |

| | |
|---|---|
| faoin méid sin láithreach. | eolas faoin méid sin láithreach. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón [***24*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. | Cuirfidh na Ballstáit na bearta sin i bhfeidhm ón [***18*** mhí tar éis an teacht i bhfeidhm]. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid 2 – Tábla – líne 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Praghas le haghaidh an deisiúcháin nó, mura féidir é a ríomh, an modh ríofa is infheidhme ***agus an t-uasphraghas le haghaidh an deisiúcháin*** | ***An t-uasphraghas a bhfuiltear ag súil leis*** i gcomhair an deisithe nó, mura féidir é a ríomh, an modh ríofa is infheidhme |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – Cuid 2 – Tábla – líne 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Más infheidhme, faisnéis bhreise a chuireann an deisitheoir ar fáil go deonach.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – ceannteideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| LIOSTA DE GHNÍOMHARTHA DLÍ AN | LIOSTA DE GHNÍOMHARTHA DLÍ AN |

| | |
|---|---|
| AONTAIS A LEAGANN SÍOS CEANGLAIS INDEISITHEACHTA | AONTAIS LENA LEAGTAR SÍOS CEANGLAIS INDEISITHEACHTA ***AGUS LIOSTA D'EARRAÍ INDEISITHE*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***[***Fóin phóca, fóin gan sreang agus táibléid de réir Rialachán (AE).../... ón gCoimisiún[29]***]*** | 9. Fóin phóca, fóin gan sreang agus táibléid de réir Rialachán (AE).../... ón gCoimisiún[29] |
| [29] … | [29] … |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Rothair*** |

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

***Togra maidir leis an gceart chun deisiúcháin***

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn ná deisiú táirgí lochtacha a dhéanamh níos tarraingtí agus, ar an gcaoi sin, cur leis an méid earraí tomhaltais a dhéantar a dheisiú in ionad iad a chaitheamh amach. Tá sé léirithe i roinnt staidéar agus suirbhéanna go bhfuil dearcadh dearfach ag tomhaltóirí i leith earraí a dheisiú. Dá bhrí sin, is mian leis an Rapóirtéir tacú leis na treochtaí sin in iompar tomhaltóirí agus gnó agus an ceart chun deisiúcháin, mar a thugtar air, a chur chun cinn. Leanann an tuarascáil línte an togra ón gCoimisiún maidir le rannpháirtíocht tomhaltóirí san Aistriú Glas i dtreo geilleagar inbhuanaithe ciorclach a chumasú. I ndáil leis sin, creideann an Rapóirtéir go bhfuil an tuarascáil comhlántach leis na tograí reachtacha maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe agus Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas.

***Deisiú a dhreasú laistigh den ráthaíocht dhlíthiúil***

Is é is aidhm don dréacht-tuarascáil gnéithe lárnacha an togra a shoiléiriú agus leibhéal na huaillmhéine a mhéadú. Ba cheart go spreagfadh reachtaíocht tomhaltóirí deisiú táirgí lochtacha. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir feabhas a chur ar tharraingteacht an deisithe laistigh den tréimhse ráthaíochta dlíthiúla faoin Treoir maidir le Díolachán Earraí trí dheisiú tráthúil agus ceanglas maidir le táirge iasachta do thomhaltóirí más rud é go dtógfaidh an deisiú tréimhse is faide ná is gá. Chun cur tuilleadh le tarraingteacht an deisithe, ba cheart síneadh a chur le tréimhse ráthaíochta dlíthiúla na n-earraí deisithe. Ní hamháin gur ceist inbhuanaitheachta é sin ach is ábhar soiléireachta dlíthiúla é freisin. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir mar bheart aonuaire síneadh breise dhá mhí dhéag a chur le tréimhse na ráthaíochta dlíthiúla nuair a thugtar táirge ar ais chun comhréireachta trí dheisiú. Ós rud é go mbíonn tomhaltóirí an-íogair ó thaobh ama de maidir lena n-earraí a dheisiú, molann an Rapóirtéir go mbeadh tomhaltóirí in ann dul i dteagmháil go díreach le táirgeoirí chun táirgí lochtacha a dheisiú. Tríd an iarraidh ar dheisiú ón táirgeoir a chomhlíonadh, urscaoilfear an díoltóir óna dhliteanas i leith comhréireachta *vis-à-vis* an tomhaltóir faoin Treoir maidir le Díolacháin Earraí gan gaol dlíthiúil ar leithligh a chruthú idir an tomhaltóir agus an táirgeoir.

***Margadh deisiúcháin a chruthú***

Maidir le táirgí nach bhfuil an locht orthu, ó thaobh ama nó raon feidhme de, cumhdaítear leis

an ráthaíocht dhlíthiúil faoin Treoir maidir le Díolachán Earraí, beartaítear sa tuarascáil an ceart chun deisiúcháin do thomhaltóirí a neartú. I dtuairim an Rapóirtéara, ní hionann an ceart chun deisiúcháin agus an t-aguisín a ghabhann le rialáil táirgí amhail an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht. Níl sé i gceist leis cliseadh margaidh a leigheas, agus dá bhrí sin, níor cheart raon feidhme an chirt, mar phrionsabal, a theorannú do chatagóirí táirgí nár fhág dinimic an mhargaidh go bhfuil na táirgí iontu indeisithe i gceart. Mar sin féin, fágtar an ceart chun deisiúcháin ar beagán brí más féidir le táirgeoirí táirgí, nach ann d'aon cheanglais ina leith go dtí seo maidir le hindeisitheacht dhlíthiúil i ngníomhartha dlí an Aontais, brath go rathúil ar dhodhéantacht fhíorasach nó dhlíthiúil. Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir le cur chuige an liosta dhearfaigh atá molta ag an gCoimisiún, ar dá réir a luaitear táirgí atá faoi réir an chirt chun deisiúcháin go sainráite in iarscríbhinn. Mar sin féin, tar éis breithniú cúramach a dhéanamh air, chinn an Rapóirtéir, mar sin féin, an raon feidhme ina thuarascáil a leathnú chuig catagóir táirgí is féidir a dheisiú gan aon cheanglais maidir le hindeisitheacht dhlíthiúil agus i gcás ina gcomhlíonfaidh táirgeoirí agus deisitheoirí neamhspleácha éilimh tomhaltóirí ar dheisiú gan aon rialachán sonrach maidir le táirgí, ar rothair iad. Ina theannta sin, tá truicir san áireamh le haghaidh níos mó iomaíochta i gcásanna iar-díolacháin. Ní hamháin gur cheart do tháirgeoirí páirteanna spártha agus faisnéis don deisiú a chur ar fáil do gach úsáideoir deiridh, ach ba cheart dóibh freisin cosc a chur ar phraghsáil thoirmeascach agus idirdhealaitheach ar pháirteanna spártha. Neartaíonn sé sin an margadh neamhspleách deisiúcháin agus tugann sé an chumhacht do thomhaltóirí soláthraithe seirbhísí deisiúcháin eile a roghnú seachas táirgeoirí. In éineacht leis na hionstraimí forlíontacha a mholtar sa togra ón gCoimisiún amhail an t-ardán ar líne agus an fhoirm faisnéise faoi dheisiú, foirm ba cheart, dar leis an Rapóirtéir, a bheith deonach chun ualaí breise ar ghnólachtaí a chosc, cuirfear deisitheoirí neamhspleácha i riocht inar féidir leo dul in iomaíocht le táirgeoirí traidisiúnta. Ar deireadh, agus chun go mbeidh deisiú inacmhainne do gach saoránach, is mian leis an tuarascáil go dtabharfaidh na Ballstáit bearta isteach, amhail dearbháin deisiúcháin nó rátaí laghdaithe CBL do sheirbhísí deisiúcháin, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar sheirbhísí deisiúcháin agus, ar an gcaoi sin, a chuirfidh tús leis an ngeilleagar deisiúcháin. Tríd is tríd, ach an chumhacht a thabhairt do thomhaltóirí a gcuid earraí a dheisiú, tacófar i ndáiríre leis an uaillmhian geilleagar ciorclach aeráidneodrach a chruthú.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach a cuireadh an liosta a leanas le chéile, faoi fhreagracht an rapóirtéara amháin. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aici:

| **Eintiteas agus/nó** |
|---|
| Toy Industries of Europe (TIE) |
| Deutscher Verband der Spielwarenindustrie e.V. |
| Digital Europe |
| Bitkom |
| Samsung |
| European Environmental Bureau (EEB) |
| Runder Tisch Reparatur |
| The European Consumer Organisation (BEUC) |
| Verbraucherzentrale Bundesverband e.V. (Vzbv) |
| Backmarket |
| Handelsverband Deutschland (HDE) |
| Rewe |
| Schwarz Gruppe |
| Vangerow GmbH |
| Xiaomi |
| HP |
| Sony Entertainment |
| Future Meetings will be accessible through the Members’ profile on the European Parliament |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

12.10.2023

# TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828
(COM(2023)0155 – C9-0117/2023 – 2023/0083(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sunčana Glavak

## RÉASÚNÚ GEARR

**<u>An ceart chun deisiúcháin</u>**

Beidh an togra ón gCoimisiún le haghaidh rialacha comhchoiteanna chun deisiú earraí a chur chun cinn agus níos mó earraí tomhaltais a chur á ndeisiú ailínithe leis an gComhaontú Glas don Eoraip, a bhfuil tomhaltas inbhuanaithe mar chuspóir aige, agus leis an toradh ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa (CoFoE),
Chinn an Rapóirtéir a dréacht-tuairim a dhíriú ar na codanna sin den togra ón gCoimisiún a bhfuil inniúlachtaí comhroinnte iontu le haghaidh an Choiste Comhshaoil.

Tacaíonn an Rapóirtéir leis an tionscnamh maidir leis an gceart chun deisiúcháin agus cuireann sí i bhfios go láidir nach mór deisiú táirgí a dhéanamh níos fusa, níos áisiúla agus níos saoire do thomhaltóirí, agus nach mór dramhaíl a laghdú freisin agus borradh a chur faoi earnáil an deisiúcháin. Leagtar béim sa dréacht-tuairim ar ghné na ngnólachtaí agus na dtomhaltóirí maidir le deisiúchán sa togra agus tugtar faoi deara go bhfuil dlúthnasc aici leis an togra reachtach maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe, togra ar vótáladh air i seisiún iomlánach i mí Iúil. Leagtar síos bonn láidir leis an togra sin chun go mbeidh sé níos fusa earraí a dheisiú amach anseo, mar shampla trí bhearta sonracha maidir le luath-dhífheidhmeacht agus scór deisiúcháin a thionscnamh trí Ghníomhartha Tarmligthe ar bhonn táirgí aonair.

Tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir an ceart chun deisiúcháin a neartú tuilleadh lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil, do thomhaltóirí agus deisitheoirí, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfhaighteacht páirteanna spártha agus trédhearcacht a bpraghsanna, arb é ceann de phríomhghnéithe an phróisis deisiúcháin é. Ba cheart go rachadh an méid sin chun tairbhe don dá thaobh: beidh na hacmhainní iomchuí ar fáil don éileamh breise ar dheisithe, agus tabharfar faisnéis bheacht do thomhaltóirí, go háirithe tríd an bhfoirm um fhaisnéis agus roghanna breise a sholáthar maidir le deisiú. Ach breis roghanna a bheith ann maidir le deisiú ba cheart go meallfaí tomhaltóirí chun an tslí a mbreathnaíonn siad ar dheisiú a athrú, agus a n-iompar a athrú dá réir.

Tá an Rapóirtéir á iarraidh freisin go ndéanfar earraí athchóirithe a chur chun cinn mar réiteach eile i gcás ina meastar go mbeidh deisiú dodhéanta. Ina theannta sin, ina chomhlánú ar na forálacha atá á moladh ag an gCoimisiún, beidh neartú chultúr an deisiúcháin trí bhíthin feachtais mhuscailte feasachta ina chéim thábhachtach i dtreo spriocanna na Treorach seo a chomhlíonadh, ag dul níos faide ná a raon feidhme go deimhin, fo-éifeacht dhearfach. Rud eile de, le dreasuithe breise amhail dreasuithe airgeadais féideartha a d'fhéadfaí a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do dheisitheoirí chun ardú céime a thabhairt don éileamh ar sheirbhísí deisiúcháin agus an deisiú a bhunú mar réiteach tarraingteach do na tomhaltóirí, d'fhéadfaí borradh breise a sholáthar agus tomhaltóirí a spreagadh chun a n-earraí a dheisiú agus deisitheoirí chun cur lena dtairiscintí. Is réitigh iad an t-ardán ar líne agus an fhoirm um fhaisnéis agus ba cheart go mbainfeadh na deisitheoirí agus na tomhaltóirí tairbhe chomhionann astu. Tabharfaidh an fhoirm um fhaisnéis rochtain do na tomhaltóirí ar an bhfaisnéis ábhartha uile agus féidearthacht chun tairiscintí difriúla le haghaidh deisiú a chur i gcomparáid, agus cothófar leibhéal iomaíochta idir na deisitheoirí freisin, chun gur margadh deisiúcháin dea-fhorbartha a thiocfaidh as ina mbeidh iomaíocht shláintiúil bunaithe ar phraghsanna agus cáilíocht. Aithníonn an Rapóirtéir nach mór na hardáin ar líne a bheith saor in aisce agus áisiúil d'úsáideoirí bídís ina dtomhaltóirí nó ina ndeisitheoirí. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir go gcruthófar príomhthairseach idirlín a bheidh le bunú i ngach Ballstát, agus ar cheart rochtain ar an ardán ar líne náisiúnta a bheith á soláthar aici. Ba cheart go bhfeidhmeodh an tairseach sin mar ionad ilfhreastail ina n-aimseoidh tomhaltóirí naisc ní hamháin le deisitheoirí den uile chineál ach le faisnéis do thomhaltóirí agus faisnéis faoina gcearta dlíthiúla freisin. Ina theannta sin, beidh ríthábhacht le feachtais muscailte feasachta láidre agus spriocdhírithe chun a áirithiú go gcuirfidh tomhaltóirí aithne ar thairseach agus ar ardán ar líne den sórt sin.

Is é bunsmaoineamh na dréacht-tuairime seo, creat feidhmiúil a chruthú le haghaidh tomhaltóirí chun a gceart chun deisiúcháin a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt don earnáil gnó agus do FBManna, agus an margadh deisiúcháin a fhorbairt tuilleadh freisin, agus ár nAontas a thabhairt céim níos gaire do sprioc na haeráidneodrachta leis an méid sin go léir.

## LEASUITHE

Tá an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia á iarraidh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é an cuspóir atá le Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus | (1) Is é an cuspóir atá le Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus |

| | |
|---|---|
| ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á bhaint amach ag an am céanna. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais, is é an cuspóir atá leis an Treoir seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus tomhaltas níos inbhuanaithe á chur chun cinn ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin comhlánaíonn sí an cuspóir a shaothraítear le Treoir (AE) 2019/771. | ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí á bhaint amach ag an am céanna ***chomh maith le ciorclaíocht mhéadaithe laistigh den gheilleagar***. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais, is é an cuspóir atá leis an Treoir seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus tomhaltas níos inbhuanaithe á chur chun cinn ag an am céanna, agus ar an gcaoi sin comhlánaíonn sí an cuspóir a shaothraítear le Treoir (AE) 2019/771. |
| [12] Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28). | [12] Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus go háirithe chun soláthar trasteorann seirbhísí agus iomaíocht i measc deisitheoirí earraí a cheannaíonn tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach a éascú, is gá rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos lena gcuirtear chun cinn deisiú earraí a cheannaíonn tomhaltóirí laistigh de dhliteanas an díoltóra a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771 agus lasmuigh de. Tá rialacha déanta ag na Ballstáit cheana féin, nó tá siad ag smaoineamh ar rialacha a thabhairt isteach, lena gcuirtear chun cinn deisiú agus athúsáid earraí a cheannaíonn tomhaltóirí lasmuigh de dhliteanas reatha an díoltóra a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771. Mar gheall ar rialacha náisiúnta sainordaitheacha éagsúla sa réimse seo tá | (2) Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus go háirithe chun soláthar trasteorann seirbhísí agus iomaíocht i measc deisitheoirí earraí a cheannaíonn tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach a éascú ***agus chun a áirithiú go mbainfidh an tAontas aeráidneodracht amach faoi 2050 ar a dhéanaí, faoi mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[12a], is gá rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos lena gcuirtear chun cinn deisiú earraí a cheannaíonn tomhaltóirí laistigh de dhliteanas an díoltóra a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771 agus lasmuigh de. Tá rialacha déanta ag na Ballstáit cheana féin, nó tá siad ag smaoineamh ar rialacha |

bacainní iarbhír nó féideartha ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, rud a dhéanann dochar d'idirbhearta trasteorann na n-oibreoirí eacnamaíocha atá ag gníomhú ar an margadh sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na hoibreoirí sin a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun na rialacha náisiúnta éigeantacha éagsúla a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh costais bhreise idirbheart a bheith orthu chun an chomhairle dlí is gá a fháil maidir le ceanglais dhlí an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir, nuair is infheidhme de bhun Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], agus a gconarthaí maidir le soláthar seirbhísí deisiúcháin a oiriúnú dá réir. Beidh tionchar aige sin, go háirithe, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, arb iad na cineálacha gnólachtaí is mó atá in earnáil an deisiúcháin. D'fhéadfadh ilroinnt dhlíthiúil difear diúltach a dhéanamh freisin do mhuinín tomhaltóirí i ndeisiúchán trasteorann mar gheall ar éiginnteachtaí maidir le tosca atá tábhachtach don chinneadh earraí a dheisiú.

[13] Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (an

a thabhairt isteach, lena gcuirtear chun cinn deisiú agus athúsáid earraí a cheannaíonn tomhaltóirí lasmuigh de dhliteanas reatha an díoltóra a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/771. Mar gheall ar rialacha náisiúnta sainordaitheacha éagsúla sa réimse seo tá bacainní iarbhír nó féideartha ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, rud a dhéanann dochar d'idirbhearta trasteorann na n-oibreoirí eacnamaíocha atá ag gníomhú ar an margadh sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar na hoibreoirí sin a gcuid seirbhísí a oiriúnú chun na rialacha náisiúnta éigeantacha éagsúla a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh costais bhreise idirbheart a bheith orthu chun an chomhairle dlí is gá a fháil maidir le ceanglais dhlí an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir, nuair is infheidhme de bhun Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus a gconarthaí maidir le soláthar seirbhísí deisiúcháin a oiriúnú dá réir. Beidh tionchar aige sin, go háirithe, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, arb iad na cineálacha gnólachtaí is mó atá in earnáil an deisiúcháin. D'fhéadfadh ilroinnt dhlíthiúil difear diúltach a dhéanamh freisin do mhuinín tomhaltóirí i ndeisiúchán trasteorann mar gheall ar éiginnteachtaí maidir le tosca atá tábhachtach don chinneadh earraí a dheisiú.

***[12a] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

[13] Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (an

| | |
|---|---|
| Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6). | Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Chun diúscairt roimh am earraí inmharthana a cheannaíonn tomhaltóirí a laghdú agus chun tomhaltóirí a spreagadh a gcuid earraí a úsáid níos faide, is gá rialacha a leagan amach maidir le deisiú na n-earraí sin. Ba cheart tomhaltas níos inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar dheisiú, ós rud é gur dócha go nginfear níos lú dramhaíola de bharr earraí a dhiúscairt, níos lú éilimh ar acmhainní, lena n-áirítear fuinneamh, mar thoradh ar an bpróiseas lena ndéantar earraí nua a mhonarú agus a dhíol le cur in ionad earraí lochtacha, chomh maith le níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuireann an Treoir seo tomhaltas inbhuanaithe chun cinn d'fhonn sochair a bhaint amach don chomhshaol agus, ag an am céanna, sochair a bhaint amach do thomhaltóirí trí chostais a bhaineann le ceannacháin nua a sheachaint sa ghearrthéarma. | (3) Chun diúscairt roimh am earraí inmharthana a cheannaíonn tomhaltóirí a laghdú agus chun tomhaltóirí a spreagadh a gcuid earraí a úsáid níos faide, is gá rialacha a leagan amach maidir le deisiú na n-earraí sin***, oibleagáidí le haghaidh táirgeoirí ábhartha na hearraí sin a dheisiú agus chun an próiseas a shimpliú do thomhaltóirí a gcuid earraí a dheisiú***. Ba cheart tomhaltas níos inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar dheisiú, ós rud é gur dócha go nginfear níos lú dramhaíola ***agus go laghdófar scaipeadh na substaintí tocsaineacha agus na n-amhábhar criticiúil*** de bharr earraí a dhiúscairt, níos lú éilimh ar acmhainní, lena n-áirítear fuinneamh, mar thoradh ar an bpróiseas lena ndéantar earraí nua a mhonarú agus a dhíol le cur in ionad earraí lochtacha, chomh maith le níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Cuireann an Treoir seo tomhaltas inbhuanaithe chun cinn d'fhonn sochair a bhaint amach don chomhshaol***, trí shaolré táirgí a chur chun cinn lena n-áirítear athúsáid, deisiú, athchóiriú agus athchúrsáil***, agus, ag an am céanna, sochair a bhaint amach do thomhaltóirí trí chostais a bhaineann le ceannacháin nua a sheachaint sa ghearrthéarma. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(6a) Tá bacainní éagsúla ann a chuireann cosc ar thomhaltóirí deisiú a roghnú, go háirithe gan faisnéis a bheith ar fáil maidir le hindeisitheacht táirge agus earra á cheannach acu, easpa faisnéise maidir le seirbhísí deisiúcháin, easpa rochtana ar pháirteanna spártha, easpa idir-inoibritheachta agus bacainní teicniúla comhchosúla, ach, thar aon ní eile, costais deisiúcháin a fhanann ró-ard. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an Treoir seo gur féidir le tomhaltóirí a gceart deisithe a úsáid go héifeachtach.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(6b) Tacófar le haidhm na Treorach seo trí fhorálacha ginearálta na Treorach [lena gcumhachtaítear tomhaltóirí san aistriú glas] chun a áirithiú nach gcuirfidh monaróirí agus dáileoirí tomhaltóirí amú agus nach gceapfadh siad go bhféadfadh rioscaí sábháilteachta nó teicniúla a bheith ag baint lena gceart chun deisiúcháin a fheidhmiú leis an soláthraí dá rogha féin.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (7) Chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí oiriúnacha deisithe a shainaithint agus a roghnú, ba cheart faisnéis bhunriachtanach maidir le seirbhísí deisiúcháin a thabhairt | (7) Chun cabhrú le tomhaltóirí seirbhísí oiriúnacha ***tráthúla agus inacmhainne*** deisithe a shainaithint agus a roghnú, ba cheart faisnéis bhunriachtanach maidir le |

do thomhaltóirí. Ba cheart príomhpharaiméadair a mbíonn tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí agus iad ag breithniú ar chóir earraí lochtacha a dheisiú a leagan síos leis an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú. Ba cheart formáid chaighdeánaithe shamplach a leagan amach sa Treoir seo. Le formáid chaighdeánaithe chun seirbhísí deisiúcháin a chur i láthair, ba cheart go mbeadh tomhaltóirí in ann measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin agus iad a chur i gcomparáid le chéile go héasca. Ba cheart go n-éascódh formáid chaighdeánaithe den sórt sin an próiseas chun faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí deisiúcháin, go háirithe do mhicrifhiontair, do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin. Chun ualaí breise a sheachaint mar gheall ar cheanglais fhorluiteacha maidir le faisnéis réamhchonarthach, ba cheart a mheas go bhfuil na ceanglais chomhfhreagracha faisnéise a bhaineann le gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais comhlíonta ag deisitheoir, i gcás inarb infheidhme, más rud é go bhfuil an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán líonta isteach i gceart agus curtha ar fáil don tomhaltóir. Ba cheart faisnéis san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach soiléir sothuigthe agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882[14].

[14] Treoir 2019/882/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

seirbhísí deisiúcháin a thabhairt do thomhaltóirí. Ba cheart príomhpharaiméadair a mbíonn tionchar acu ar chinntí tomhaltóirí agus iad ag breithniú ar chóir earraí lochtacha a dheisiú a leagan síos leis an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú. Ba cheart formáid chaighdeánaithe shamplach a leagan amach sa Treoir seo. Le formáid chaighdeánaithe chun seirbhísí deisiúcháin a chur i láthair, ba cheart go mbeadh tomhaltóirí in ann measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin agus iad a chur i gcomparáid le chéile go héasca. Ba cheart go n-éascódh formáid chaighdeánaithe den sórt sin an próiseas chun faisnéis a sholáthar maidir le seirbhísí deisiúcháin ***neamhspleácha agus gairmiúla***, go háirithe do mhicrifhiontair, do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánmhéide a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin. Chun ualaí breise a sheachaint mar gheall ar cheanglais fhorluiteacha maidir le faisnéis réamhchonarthach, ba cheart a mheas go bhfuil na ceanglais chomhfhreagracha faisnéise a bhaineann le gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais comhlíonta ag deisitheoir, i gcás inarb infheidhme, más rud é go bhfuil an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán líonta isteach i gceart agus curtha ar fáil don tomhaltóir. Ba cheart faisnéis san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach soiléir sothuigthe agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Threoir 2019/882[14].

[14] Treoir 2019/882/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart saor-rogha an tomhaltóra cinneadh a dhéanamh cé a dhéanfaidh a chuid earraí a dheisiú a éascú tríd an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a iarraidh ní hamháin ar an táirgeoir, ach freisin ar dhíoltóir na n-earraí lena mbaineann nó ar na deisitheoirí neamhspleácha, i gcás inarb infheidhme. Níor cheart do dheisitheoirí an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil ach amháin i gcás ina n-iarrann an tomhaltóir an fhoirm sin agus ina bhfuil sé beartaithe ag an deisitheoir an tseirbhís deisiúcháin a sholáthar nó ina bhfuil sé d'oibleagáid air í a dheisiú. Féadfaidh tomhaltóir a roghnú freisin gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a iarraidh agus conradh a thabhairt i gcrích chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar le deisitheoir de bhun faisnéis réamhchonarthach arna soláthar ar mhodhanna eile i gcomhréir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. | (8) Ba cheart saor-rogha an tomhaltóra cinneadh a dhéanamh cé a dhéanfaidh a chuid earraí a dheisiú a éascú tríd an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a iarraidh ní hamháin ar an táirgeoir, ach freisin ar dhíoltóir na n-earraí lena mbaineann nó ar na deisitheoirí neamhspleácha ***agus gairmiúla***, i gcás inarb infheidhme. Níor cheart do dheisitheoirí an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a chur ar fáil ach amháin i gcás ina n-iarrann an tomhaltóir an fhoirm sin agus ina bhfuil sé beartaithe ag an deisitheoir an tseirbhís deisiúcháin a sholáthar nó ina bhfuil sé d'oibleagáid air í a dheisiú. ***Ba cheart an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin gceart an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a iarraidh, trí fheachtais faisnéise freisin.*** Féadfaidh tomhaltóir a roghnú freisin gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a iarraidh agus conradh a thabhairt i gcrích chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar le deisitheoir de bhun faisnéis réamhchonarthach arna soláthar ar mhodhanna eile i gcomhréir le Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. |
| [15] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64–88). | [15] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64–88). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá cásanna ann ina dtabhaíonn deisitheoir costais is gá chun an fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi phraghas atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. ***Mar shampla,*** d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an deisitheoir iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí le bheith in ann an fabht nó an cineál deisiúcháin is gá a chinneadh, lena n-áirítear an gá atá le páirteanna spártha, agus an praghas deisiúcháin a mheas. Sna cásanna sin, ní féidir le deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir ach na costais is gá a íoc chun an fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. I gcomhréir leis an bhfaisnéis réamhchonarthach agus le ceanglais eile a leagtar amach i dTreoir 2011/83/AE, ba cheart don deisitheoir an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na costais sin sula n-iarrfaidh an tomhaltóir go soláthrófaí an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán. Féadfaidh tomhaltóirí gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a iarraidh i gcás ina measann siad go bhfuil na costais a bhaineann leis an bhfoirm sin a fháil ró-ard. | (9) Tá cásanna ann ina dtabhaíonn deisitheoir costais is gá chun an fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi phraghas atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. ***Ba cheart gearradh na gcostas sin a bheith teoranta do chásanna ina*** bhféadfadh sé go mbeadh ar an deisitheoir iniúchadh a dhéanamh ar na hearraí le bheith in ann an fabht nó an cineál deisiúcháin is gá a chinneadh, lena n-áirítear an gá atá le páirteanna spártha, agus an praghas deisiúcháin a mheas. Sna cásanna sin, ní féidir le deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir ach na costais is gá a íoc chun an fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. ***Ba cheart go mbeifí in ann na costais sin a asbhaint ó phraghas deiridh an deisiúcháin, ach amháin i gcás táirgeoirí atá faoi oibleagáid deisiúcháin de réir Airteagal 5 den Treoir seo i gcás inar cheart do na táirgeoirí sin an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú a sholáthar saor in aisce i gcónaí nuair a iarrtar sin.*** I gcomhréir leis an bhfaisnéis réamhchonarthach agus le ceanglais eile a leagtar amach i dTreoir 2011/83/AE, ba cheart don deisitheoir an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi na costais sin sula n-iarrfaidh an tomhaltóir go soláthrófaí an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán. Féadfaidh tomhaltóirí gan an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a iarraidh i gcás ina measann siad go bhfuil na costais a bhaineann leis an bhfoirm sin a fháil ró-ard. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Níor cheart do dheisitheoirí na coinníollacha deisiúcháin a chuireann siad ar fáil san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a athrú, lena n-áirítear ar an bpraghas le haghaidh deisiúcháin, ar feadh ***tréimhse áirithe ama***. Cinntíonn an méid sin go dtabharfar dóthain ama do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscintí deisiúcháin éagsúla. D'fhonn an tsaoirse chonarthach a chosaint a mhéid is féidir do dheisitheoirí seachas táirgeoirí earraí a bhfuil feidhm ag oibleagáid deisiúchán a dhéanamh ina leith, ionas go mbeidh siad in ann cinneadh a dhéanamh maidir le conradh a thabhairt i gcrích i ndáil le seirbhísí deisiúcháin a sholáthar ar chor ar bith, ba cheart do dheisitheoirí a bheith saor i gcónaí cinneadh a dhéanamh gan an conradh sin a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear i gcásanna inar chuir siad an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ar fáil. Má thugtar conradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar i gcrích bunaithe ar an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú, ba cheart an fhaisnéis faoi choinníollacha deisiúcháin agus praghas atá san fhoirm sin a bheith ina dlúthchuid den chonradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar, agus ar an gcaoi sin oibleagáidí an deisitheora faoin gconradh sin a shainiú. Tá neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha sin faoi rialú an dlí náisiúnta is infheidhme. | (10) Níor cheart do dheisitheoirí na coinníollacha deisiúcháin a chuireann siad ar fáil san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a athrú, lena n-áirítear ar an bpraghas le haghaidh deisiúcháin, ar feadh ***30 lá féilire ar a laghad ón lá a fhaigheann an tomhaltóir an fhoirm.*** Cinntíonn an méid sin go dtabharfar dóthain ama do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscintí deisiúcháin éagsúla. D'fhonn an tsaoirse chonarthach a chosaint a mhéid is féidir do dheisitheoirí seachas táirgeoirí earraí a bhfuil feidhm ag oibleagáid deisiúchán a dhéanamh ina leith, ionas go mbeidh siad in ann cinneadh a dhéanamh maidir le conradh a thabhairt i gcrích i ndáil le seirbhísí deisiúcháin a sholáthar ar chor ar bith, ba cheart do dheisitheoirí a bheith saor i gcónaí cinneadh a dhéanamh gan an conradh sin a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear i gcásanna inar chuir siad an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ar fáil. Má thugtar conradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar i gcrích bunaithe ar an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú, ba cheart an fhaisnéis faoi choinníollacha deisiúcháin agus praghas atá san fhoirm sin a bheith ina dlúthchuid den chonradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar, agus ar an gcaoi sin oibleagáidí an deisitheora faoin gconradh sin a shainiú. Tá neamh-chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha sin faoi rialú an dlí náisiúnta is infheidhme. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (12) Ós rud é go gcumhdaíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a fhorchuirtear ar tháirgeoirí faoin Treoir seo lochtanna nach é neamh-chomhréireacht na n-earraí le conradh díolacháin is cúis leo, féadfaidh táirgeoirí deisiúchán a sholáthar in aghaidh praghas a íocann an tomhaltóir nó deisiúchán a sholáthar saor in aisce. Agus praghas á ghearradh, ba cheart táirgeoirí a spreagadh le samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí deisiúcháin a sholáthar. Féadfar a chur san áireamh i bpraghas den sórt sin, mar shampla, costais saothair, costais do pháirteanna spártha, costais chun an tsaoráid deisithe a oibriú agus gnáthchorrlach. Ba cheart an praghas ar dheisiú agus na coinníollacha deisithe a chomhaontú i gconradh idir an tomhaltóir agus an táirgeoir agus ba cheart go leanfadh an tomhaltóir de bheith saor chun a chinneadh an bhfuil an praghas sin agus na coinníollacha sin inghlactha. Ba cheart go spreagfadh an gá atá le conradh den sórt sin agus an brú iomaíoch ó dheisitheoirí eile táirgeoirí a bhfuil oibleagáid orthu deisiúchán a dhéanamh chun an praghas a choinneáil inghlactha don tomhaltóir. Féadfar an oibleagáid deisithe a dhéanamh saor in aisce freisin nuair a chumhdaítear an locht le ráthaíocht tráchtála, mar shampla, i ndáil le marthanacht ráthaithe earraí. | (12) Ós rud é go gcumhdaíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a fhorchuirtear ar tháirgeoirí faoin Treoir seo lochtanna nach é neamh-chomhréireacht na n-earraí le conradh díolacháin is cúis leo, féadfaidh táirgeoirí deisiúchán a sholáthar in aghaidh praghas ***réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach*** a íocann an tomhaltóir nó deisiúchán a sholáthar saor in aisce. Agus praghas ***réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach*** á ghearradh, ba cheart táirgeoirí a spreagadh le samhlacha gnó inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear seirbhísí deisiúcháin a sholáthar, ***agus le tomhaltóirí deisiúchán a lorg***. Féadfar a chur san áireamh i bpraghas den sórt sin, mar shampla, costais saothair, costais do pháirteanna spártha, ***costais do sheoladh agus seachadadh***, costais chun an tsaoráid deisithe a oibriú agus gnáthchorrlach. Ba cheart an praghas ar dheisiú agus na coinníollacha deisithe a chomhaontú i gconradh idir an tomhaltóir agus an táirgeoir agus ba cheart go leanfadh an tomhaltóir de bheith saor chun a chinneadh an bhfuil an praghas sin agus na coinníollacha sin inghlactha. Ba cheart go spreagfadh an gá atá le conradh den sórt sin agus an brú iomaíoch ó dheisitheoirí eile táirgeoirí a bhfuil oibleagáid orthu deisiúchán a dhéanamh chun an praghas a choinneáil inghlactha don tomhaltóir. Féadfar an oibleagáid deisithe a dhéanamh saor in aisce freisin nuair a chumhdaítear an locht le ráthaíocht tráchtála, mar shampla, i ndáil le marthanacht ráthaithe earraí. ***Mar dhreasú do thomhaltóirí a dtáirge a dheisiú lasmuigh den ráthaíocht dhlíthiúil, féadfaidh táirgeoir earra athsholáthair nó earra athchóirithe a chur ar fáil fad a bheidh an deisiú á dhéanamh, earra a mbeifear ag dréim lena thabhairt ar ais a luaithe a bhfaighidh an tomhaltóir a earra deisithe ar ais.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Chun saolré inbhuanaithe táirgí a áirithiú, d'fhéadfadh táirgeoirí agus díoltóirí, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta freisin, bónais deireadh ré a thairiscint le haghaidh táirgí nach féidir a dheisiú a thuilleadh, chun an tomhaltóir a dhreasú chun táirge a cheannach ag a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil níos fearr.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Beidh ***feidhm*** ag na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe éicidhearthóireachta arna nglacadh de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó i mbearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], ar dá réir ba cheart do tháirgeoirí rochtain a thabhairt ar pháirteanna spártha, ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil nó ar aon uirlisí bogearraí, dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla a bhaineann le deisiú. Áirithítear leis na ceanglais sin indéantacht theicniúil an deisithe, ní hamháin ag an táirgeoir, ach ag deisitheoirí eile freisin. Mar thoradh air sin, is féidir leis an tomhaltóir deisitheoir a roghnóidh sé féin. | (14) Beidh ***feidhm*** ag na ceanglais a leagtar síos i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó i mbearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. Ba cheart de réir ***na gceanglas sin*** go dtabharfadh táirgeoirí rochtain ***do dheisitheoirí agus do thomhaltóirí*** ar pháirteanna spártha ***agus uirlisí, lena n-áirítear bunpháirteanna spártha,*** faisnéis deisiúcháin agus chothabhála nó aon uirlisí bogearraí, dochtearraí nó modhanna cúnta comhchosúla a bhaineann le deisiú, ***ar phraghsanna réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha, agus cosaint faisnéise íogaire agus rúin ghnó á gcur san áireamh.*** Áirithítear leis na ceanglais sin indéantacht theicniúil an deisithe, ní hamháin ag an táirgeoir, ach ag deisitheoirí eile freisin. Mar thoradh air sin, is féidir leis an tomhaltóir a rogha deisitheora a |

roghnú***, rud a áirithíonn iomaíocht agus a théann chun tairbhe do thomhaltóirí trí sheirbhísí níos fearr agus praghsanna níos ísle agus deisitheoir á roghnú acu***. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart go spreagfadh an Treoir seo go bhféadfaidh gníomhaithe uile earnáil an deisiúcháin rochtain a fháil ar pháirteanna spártha ar phraghas réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach, agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil agus ar na huirlisí diagnóise is gá chun an deisiú a dhéanamh, bídís ina gcrua-earraí nó ina mbogearraí.***

[16] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lgh. 10–35).

[16] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 285, 31.10.2009, lgh. 10–35).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ionas nach gcuirfear ró-ualach ar tháirgeoirí agus chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh, ba cheart an oibleagáid sin a theorannú do na táirgí sin dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais agus a mhéid a fhoráiltear d'aon cheanglais indeisitheachta. ***Ní chuireann ceanglais indeisitheachta oibleagáid ar tháirgeoirí earraí lochtacha a dheisiú, ach áirithíonn siad go bhfuil earraí indeisithe.*** Is féidir ceanglais indeisitheachta den sórt sin a leagan síos i ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. Is samplaí iad gníomhartha tarmligthe arna nglacadh | (16) Ionas nach gcuirfear ró-ualach ar tháirgeoirí agus chun a áirithiú go mbeidh siad in ann a n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh a chomhlíonadh, ba cheart an oibleagáid sin a theorannú do na táirgí sin dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí an Aontais agus a mhéid a fhoráiltear d'aon cheanglais indeisitheachta. Is féidir ceanglais indeisitheachta den sórt sin a leagan síos i ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. Is samplaí iad gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó bearta cur chun feidhme |

de bhun Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó bearta cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], lena gcruthaítear creat chun inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí a fheabhsú. ***Áirithítear leis an teorannú sin ar an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh nach mbeidh ach na hearraí sin atá indeisithe trí dhearadh faoi réir oibleagáid den sórt sin.*** Áirítear ar na ceanglais indeisitheachta ábhartha ceanglais deartha lena bhfeabhsaítear an cumas na hearraí a dhíchóimeáil agus raon páirteanna spártha atá le cur ar fáil ar feadh íostréimhse. Comhfhreagraíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh do raon feidhme na gceanglas indeisitheachta, mar shampla, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais éicidhearthóireachta ach amháin maidir le comhpháirteanna áirithe de na hearraí nó féadfar tréimhse shonrach ama a leagan síos chun páirteanna spártha a chur ar fáil. Leis an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh faoin Treoir seo, lenar féidir leis an tomhaltóir deisiúchán a éileamh go díreach in aghaidh an táirgeora le linn na céime iardhíola, comhlánaítear na ceanglais indeisitheachta a bhaineann le taobh an tsoláthair a leagtar síos i Rialachán [maidir leis na Táirgí Inbhuanaithe Éicidhearthóireachta] lena spreagtar éileamh na dtomhaltóirí ar dheisiú.

[17] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú).

arna nglacadh de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], lena gcruthaítear creat chun inbhuanaitheacht chomhshaoil táirgí a fheabhsú. Áirítear ar na ceanglais indeisitheachta ábhartha ceanglais deartha lena bhfeabhsaítear an cumas na hearraí a dhíchóimeáil agus raon páirteanna spártha atá le cur ar fáil ar feadh íostréimhse. Comhfhreagraíonn an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh do raon feidhme na gceanglas indeisitheachta, mar shampla, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais éicidhearthóireachta ach amháin maidir le comhpháirteanna áirithe de na hearraí nó féadfar tréimhse shonrach ama a leagan síos chun páirteanna spártha a chur ar fáil. Leis an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh faoin Treoir seo, lenar féidir leis an tomhaltóir deisiúchán a éileamh go díreach in aghaidh an táirgeora le linn na céime iardhíola, comhlánaítear na ceanglais indeisitheachta a bhaineann le taobh an tsoláthair a leagtar síos i Rialachán [maidir leis na Táirgí Inbhuanaithe Éicidhearthóireachta] lena spreagtar éileamh na dtomhaltóirí ar dheisiú.

[17] Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (athmhúnlú).

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Cé go bhforchuirtear leis an Treoir seo an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh ar an táirgeoir, éascaítear léi freisin rogha seirbhísí deisiúcháin do thomhaltóirí ó dheisitheoirí eile. Ba cheart an rogha sin a éascú go háirithe tríd an bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú ***a iarraidh*** ní hamháin ar an táirgeoir ach freisin ar dheisitheoirí eile amhail an díoltóir nó deisitheoirí neamhspleácha nó trí chuardach a dhéanamh tríd an ardán deisithe ar líne. Ós rud é go mbeadh ar thomhaltóirí íoc as an deisiú, is dócha go gcuirfidh siad deiseanna deisithe i gcomparáid le chéile chun na seirbhísí deisiúcháin is oiriúnaí dá gcuid riachtanas a roghnú. Dá bhrí sin, is dócha go rachaidh siad i dteagmháil le deisitheoirí neamhspleácha gar dóibh nó leis an díoltóir sula rachaidh siad i dteagmháil le táirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith suite níos faide uathu, mar shampla, agus a bhféadfadh a bpraghas a bheith níos airde mar gheall ar chostais iompair. | (18) Cé go bhforchuirtear leis an Treoir seo an oibleagáid deisiúchán a dhéanamh ar an táirgeoir, éascaítear léi freisin rogha seirbhísí deisiúcháin do thomhaltóirí ó dheisitheoirí eile***, lena n-áirítear deisitheoirí neamhspleácha agus gairmiúla.*** Ba cheart an rogha sin a éascú go háirithe ***trí bhearta lena n-áirithítear iomaíocht chóir in earnáil an deisiúcháin amhail rochtain ar pháirteanna spártha ar phraghsanna réasúnta a áirithiú do ghníomhaithe uile na hearnála, ach freisin trí thomhaltóirí a chumhachtú*** an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoi Dheisiú ***a iarraidh*** ní hamháin ar an táirgeoir ach freisin ar dheisitheoirí eile amhail an díoltóir nó deisitheoirí neamhspleácha ***agus gairmiúla*** nó trí chuardach a dhéanamh tríd an ardán deisithe ar líne. Ós rud é go mbeadh ar thomhaltóirí íoc as an deisiú, is dócha go gcuirfidh siad deiseanna deisithe i gcomparáid le chéile chun na seirbhísí deisiúcháin is oiriúnaí dá gcuid riachtanas a roghnú. Dá bhrí sin, is dócha go rachaidh siad i dteagmháil le deisitheoirí neamhspleácha ***agus gairmiúla*** gar dóibh nó leis an díoltóir sula rachaidh siad i dteagmháil le táirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith suite níos faide uathu, mar shampla, agus a bhféadfadh a bpraghas a bheith níos airde mar gheall ar chostais iompair. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun deisiúchán a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ardán ar líne amháin ar a laghad ann dá | (21) Chun deisiúchán a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ardán ar líne amháin ar a laghad ann dá |

| | |
|---|---|
| gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí oiriúnacha a chuardach. Féadfaidh an t-ardán sin a bheith ann cheana nó a bheith á oibriú go príobháideach, má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart go n-áireofaí ar an ardán sin uirlisí comparáide atá éasca le húsáid agus neamhspleách agus a chuidíonn le tomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar fhiúntas soláthraithe seirbhísí deisiúcháin éagsúla agus iad a chur i gcomparáid le chéile, agus ar an gcaoi sin tomhaltóirí a dhreasú chun deisiúchán a roghnú seachas earraí nua a cheannach. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an ardán sin éascú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin a chuardach sa chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an caidreamh idir gnólachtaí a chumhdach lena raon feidhme ***chomh maith le tionscnaimh deisithe faoi stiúir an phobail*** a chur san áireamh. | gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí oiriúnacha a chuardach ***agus, más ann dóibh, tionscnaimh deisithe faoi stiúir an phobail, amhail caiféanna deisiúcháin.*** Féadfaidh an t-ardán sin a bheith ann cheana nó a bheith á oibriú go príobháideach, má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart go n-áireofaí ar an ardán sin uirlisí comparáide atá éasca le húsáid agus neamhspleách agus a chuidíonn le tomhaltóirí measúnú a dhéanamh ar fhiúntas soláthraithe seirbhísí deisiúcháin éagsúla agus iad a chur i gcomparáid le chéile, ***chomh maith le tionscnaimh deisithe faoi stiúir an phobail***, agus ar an gcaoi sin tomhaltóirí a dhreasú chun deisiúchán a roghnú seachas earraí nua a cheannach. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an ardán sin éascú a dhéanamh ar sheirbhísí deisiúcháin a chuardach sa chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an caidreamh idir gnólachtaí a chumhdach lena raon feidhme. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag tomhaltóirí ar an ardán ar líne ***ionas gur féidir leo*** seirbhísí deisiúcháin ***oiriúnacha*** a aimsiú dá n-earraí lochtacha. Ba cheart an t-ardán ar líne a bheith inrochtana freisin do thomhaltóirí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme ***maidir le*** daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú. | (23) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag tomhaltóirí ar an ardán ar líne ***saor in aisce, lena gcuirtear ar a gcumas*** seirbhísí deisiúcháin ***iomchuí*** a aimsiú dá n-earraí lochtacha. Ba cheart an t-ardán ar líne a bheith inrochtana freisin do thomhaltóirí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme ***maidir le*** hinrochtaineacht. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Féadfaidh an fheidhm chuardaigh atá bunaithe ar tháirgí tagairt a dhéanamh don chineál táirge nó don bhranda. Ós rud é nach féidir le deisitheoirí a bheith ar an eolas faoin locht sonrach sula ndéantar iarraidh ar dheisiú, is leor go soláthróidh siad ar an ardán ar líne faisnéis chineálach maidir le príomhghnéithe de sheirbhísí deisiúcháin chun a chur ar a cumas do thomhaltóirí cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh siad an t-earra atá i gceist a dheisiú, go háirithe an meán-am chun deisiúchán a dhéanamh, infhaighteacht earraí athsholáthair sealadacha, an áit ina dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh lena ndeisiú agus infhaighteacht seirbhísí coimhdeacha. Ba cheart deisitheoirí a spreagadh lena gcuid faisnéise ar an ardán ar líne a nuashonrú go rialta. Chun muinín a chothú i measc tomhaltóirí as na seirbhísí deisiúcháin atá ar fáil ar an ardán ar líne, ba cheart deisitheoirí a bheith in ann a léiriú go gcloíonn siad le caighdeáin áirithe deisithe. | (24) Féadfaidh an fheidhm chuardaigh atá bunaithe ar tháirgí tagairt a dhéanamh don chineál táirge nó don bhranda. Ós rud é nach féidir le deisitheoirí a bheith ar an eolas faoin locht sonrach sula ndéantar iarraidh ar dheisiú, is leor go soláthróidh siad ar an ardán ar líne faisnéis chineálach maidir le príomhghnéithe de sheirbhísí deisiúcháin chun a chur ar a cumas do thomhaltóirí cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh siad an t-earra atá i gceist a dheisiú, go háirithe an meán-am chun deisiúchán a dhéanamh, infhaighteacht earraí athsholáthair sealadacha, an áit ina dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh lena ndeisiú ***nó na modhanna trína dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh lena ndeisiú*** agus infhaighteacht seirbhísí coimhdeacha. Ba cheart deisitheoirí a spreagadh lena gcuid faisnéise ar an ardán ar líne a nuashonrú go rialta. Chun muinín a chothú i measc tomhaltóirí as na seirbhísí deisiúcháin atá ar fáil ar an ardán ar líne, ba cheart na deisitheoirí a bheith in ann a léiriú go gcloíonn siad le caighdeáin deisiúcháin áirithe ***agus ba cheart tomhaltóirí a bheith in ann an tseirbhís deisiúcháin a rátáil***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Ba cheart go mbunódh gach Ballstát príomhthairseach idirlín, a d'fheidhmeodh mar ionaid ilfhreastail a bheadh áisiúil don tomhaltóir, ina soláthrófar rochtain saor in aisce ar an ardán náisiúnta ar líne nó ar na hardáin*** |

***náisiúnta ar líne mar aon le faisnéis maidir le deisiú, lena n-áirítear cearta dlíthiúla tomhaltóirí. Beidh an-tábhacht le rochtain éasca ar an ardán ar líne chun an cultúr deisiúcháin san Aontas a athrú. Ina theannta sin, ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit agus an Coimisiún go n-eagrófar feachtais spriocdhírithe múscailte feasachta, a mbeidh ríthábhacht leo chun a áirithiú go mbeidh na tomhaltóirí eolach gurb ann do thairseach agus d'ardán ar líne den sórt sin. A mhéid is féidir, ba cheart do na Ballstáit riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun tomhaltas inbhuanaithe earraí a chur chun cinn i gcásanna nach dtagann faoi dhliteanas an díoltóra, ba cheart don ardán ar líne earraí atá faoi réir athchóirithe a chur chun cinn freisin mar rogha mhalartach ar earraí a dheisiú nó earraí nua a cheannach. Chuige sin, ba cheart feidhmiúlacht a bheith ar an ardán ar líne lenar féidir le tomhaltóirí teacht ar dhíoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe nó ar ghnólachtaí a cheannaíonn earraí lochtacha chun críoch athchóirithe, go háirithe trí fheidhm chuardaigh de réir catagóir táirgí a chumasú. Ba cheart rochtain ar an ardán a bheith ag díoltóirí earraí den sórt sin atá faoi réir athchóirithe nó ag ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú bunaithe ar na prionsabail chéanna agus ar na sonraíochtaí teicniúla céanna is infheidhme maidir leis an bhfeidhmiúlacht deisithe. | (26) Chun tomhaltas inbhuanaithe earraí a chur chun cinn i gcásanna nach dtagann faoi dhliteanas an díoltóra, ba cheart don ardán ar líne earraí atá faoi réir athchóirithe a chur chun cinn freisin mar rogha mhalartach ar earraí a dheisiú nó earraí nua a cheannach. Chuige sin, ba cheart feidhmiúlacht a bheith ar an ardán ar líne lenar féidir le tomhaltóirí teacht ar dhíoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe nó ar ghnólachtaí a cheannaíonn earraí lochtacha chun críoch athchóirithe, go háirithe trí fheidhm chuardaigh de réir catagóir táirgí a chumasú. Ba cheart rochtain ar an ardán a bheith ag díoltóirí earraí den sórt sin atá faoi réir athchóirithe nó ag ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú bunaithe ar na prionsabail chéanna agus ar na sonraíochtaí teicniúla céanna is infheidhme maidir leis an bhfeidhmiúlacht deisithe. ***Níor cheart leas a bhaint as rochtain ar an ardán ar líne mar dheis chun earraí nua a chur chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***cinn nó a dhíol.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Aithníodh gurb é an costas deisiúcháin an príomhchonstaic a chuireann cosc ar thomhaltóirí an rogha sin a dhéanamh lasmuigh de dhliteanas an díoltóra dá bhforáiltear faoi Threoir (AE) 2019/771. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, féadfaidh na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun dreasachtaí airgeadais agus fioscacha a bhunú a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí cuid de na costais deisiúcháin a éileamh ar ais, agus dá bhrí sin, rogha níos tarraingtí a dhéanamh de. D'fhéadfadh na bearta dreasachta sin a bheith i bhfoirm rátaí CBL níos ísle, dearbháin deisiúcháin nó cánacha laghdaithe ar sheirbhísí agus ar shaothar chun custaiméirí a dhreasú tuilleadh chun earra a chur á dheisiú de rogha ar earra eile a fháil ina ionad. Ina theannta sin, ba cheart go ndíreodh na Ballstáit go háirithe ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ós rud é go bhfuil a ngnólachtaí siúd ina gcuid bhunriachtanach den slabhra deisiúcháin.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Chun an indeisitheacht a chothú ar leibhéal an Aontais beidh meascán*** |

| | |
|---|---|
| | ***cliste beart ag teastáil. Féadfaidh tionscnaimh eile a bheith ag gabháil leis an Treoir seo chun cur i gcoinne an ghanntanais scileanna chun a áirithiú gur féidir seirbhísí indeisitheachta laistigh den Aontas a sholáthar amach anseo, ar tionscnaimh iad ba cheart a chur san áireamh freisin i gcomhthéacs oideachas shaoránaigh an Aontais, go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an ngairmoideachas i ndáil leis sin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33b) Is iomaí rud a théann i bhfeidhm ar iompraíocht tomhaltóirí. Nuair atá rogha le déanamh idir earra a dheisiú agus ceannachán nua bíonn ról tábhachtach ag critéir amhail éifeachtúlacht eacnamaíoch, marthanacht, a ghaire atá seirbhís deisiúcháin, agus an t-am a theastaíonn. De bhreis ar na forálacha a leagtar amach sa Treoir seo, chun cur leis an éileamh ar sheirbhísí deisiúcháin, d'fhéadfaí na bearta muscailte feasachta ar son cultúr deisiúcháin a neartú agus eolas tomhaltóirí a fheabhsú maidir le táirgí a chothabháil agus aire a thabhairt dóibh, agus maidir leis na ráthaíochtaí dlíthiúla atá ann faoi láthair.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar síos leis an Treoir seo | 1. Leagtar síos leis an Treoir seo |

| | |
|---|---|
| rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn, d'fhonn rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus foráil á déanamh ag an am céanna d'ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus don chomhshaol. | rialacha comhchoiteanna lena ndéantar ***an ceart chun*** earraí a dheisiú ***agus earnáil an deisiúcháin*** a chur chun cinn ***agus a neartú***, d'fhonn rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus foráil á déanamh ag an am céanna d'ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus don chomhshaol ***chomh maith le ciorclaíocht mhéadaithe laistigh den gheilleagar.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ciallaíonn 'deisitheoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís deisiúcháin a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, lena n-áirítear táirgeoirí agus díoltóirí a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus soláthraithe seirbhísí deisiúcháin, bídís neamhspleách nó cleamhnaithe le táirgeoirí nó díoltóirí den sórt sin; | 2. ciallaíonn 'deisitheoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhís deisiúcháin a bhaineann le trádáil, gnó, ceird nó gairm an duine sin, lena n-áirítear táirgeoirí agus díoltóirí a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin agus soláthraithe seirbhísí deisiúcháin, bídís ***deisitheoirí*** neamhspleácha, ***deisitheoirí gairmiúla*** nó deisitheoirí cleamhnaithe le táirgeoirí nó díoltóirí den sórt sin; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. ciallaíonn 'margadh ar líne' margadh ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (55) de Rialachán [maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe];*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Maidir le táirgeoirí a bhfuil oibleagáid deisiúcháin orthu de bhua Airteagal 5 den Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán, cuirfear ar fáil don tomhaltóir í a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 14 lá féilire tar éis an iarraidh a fháil ón tomhaltóir. I gcás na dtáirgeoirí sin, ní bheidh mír 3 infheidhme agus cuirfear an Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ar fáil saor in aisce don tomhaltóir.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir na costais a thabhaíonn an deisitheoir a íoc chun an fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. | ***I gcásanna inar gá cigireacht fhisiciúil a dhéanamh ar an táirge atá le deisiú,*** féadfaidh an deisitheoir a iarraidh ar thomhaltóir na costais ***réasúnta, neamh-idirdhealaitheacha*** is gá a thabhaíonn an deisitheoir a íoc chun an fhaisnéis atá san áireamh san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán a sholáthar. ***Féadfar na costais a asbhaint ó mhéid iomlán na seirbhíse deisiúcháin.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an praghas nó, mura bhfuil sé réasúnach an praghas a ríomh roimh ré, an modh ina ríomhfar an praghas agus uasphraghas an deisithe; | (e) an praghas, ***i gcás inarb indéanta miondealaithe do gach costas a áirítear ach gan a bheith teoranta do chostais saothair, costais do gach páirt spártha,*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhunaidh, chomhoiriúnach nó athláimhe, a bhfuil gá leo nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus, i gcás inarb infheidhme, costais seachadta nó,*** mura bhfuil sé réasúnach an praghas a ríomh roimh ré, an modh ina ríomhfar an praghas, ***an praghas measta*** agus uasphraghas an deisithe; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) an t-am a mheastar a bheidh ag teastáil chun an deisiúchán a chur i gcrích; | (f) an t-am a mheastar a bheidh ag teastáil chun an deisiúchán a chur i gcrích ***agus, i gcás inarb infheidhme, am seachadta measta an earra***; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair le linn an deisithe agus na costais a bhaineann le hathsholáthar sealadach, más ann dóibh, don tomhaltóir; | (g) infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair, ***lena n-áirítear táirgí athchóirithe,*** le linn an deisithe agus na costais a bhaineann le hathsholáthar sealadach, más ann dóibh, don tomhaltóir ***agus conas an t-earra athsholáthair a iarraidh agus a fháil***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 4 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) an áit a dtugann an tomhaltóir na | (h) an áit a dtugann an tomhaltóir na |

| | |
|---|---|
| hearraí ar láimh chun iad a dheisiú, | hearraí ar láimh chun iad a dheisiú, ***nó, i gcás inarb infheidhme, conas na hearraí a sheoladh lena ndeisiú chuig an ndeisitheoir agus costas, más ann dó, an lastais don tomhaltóir;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní athróidh an deisitheoir na coinníollacha deisithe a shonraítear san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ar feadh tréimhse 30 lá féilire ón dáta a soláthraíodh an fhoirm sin don tomhaltóir, ***ach amháin má tá a mhalairt comhaontaithe ag an deisitheoir agus ag an tomhaltóir.*** Má thugtar conradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar i gcrích laistigh den tréimhse ***30 lá***, beidh na coinníollacha deisithe a shonraítear san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ina gcuid dhílis den chonradh sin. | 5. Ní athróidh an deisitheoir na coinníollacha deisithe a shonraítear san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ar feadh tréimhse 30 lá féilire ***ar a laghad*** ón dáta a soláthraíodh an fhoirm sin don tomhaltóir. ***Beidh sé soiléir ón bhFoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán cé mhéad laethanta féilire a mbeidh na coinníollacha bailí ina leith.*** Má thugtar conradh chun seirbhísí deisiúcháin a sholáthar i gcrích laistigh den tréimhse ***sin***, beidh na coinníollacha deisithe a shonraítear san Fhoirm Eorpach um Fhaisnéis faoin Deisiúchán ina gcuid dhílis den chonradh sin. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don tomhaltóir, go ndéanfaidh an táirgeoir, saor in aisce nó in aghaidh praghais nó in aghaidh cineál comaoine eile, earraí a dheisiú dá bhforáiltear, agus a mhéid a fhoráiltear, do cheanglais indeisitheachta i ngníomhartha dlí an Aontais mar a liostaítear in Iarscríbhinn II. ***Ní bheidh sé d'oibleagáid ar*** an táirgeoir | 1. Áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don tomhaltóir, go ndéanfaidh an táirgeoir, saor in aisce nó in aghaidh praghais ***réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach*** nó in aghaidh cineál comaoine eile, earraí a dheisiú dá bhforáiltear, agus a mhéid a fhoráiltear, do cheanglais indeisitheachta i ngníomhartha dlí an Aontais mar a liostaítear in |

na hearraí sin ***a dheisiú i gcás nach féidir iad a*** dheisiú. Féadfaidh an táirgeoir deisiúchán a ligean ar fochonradh chun a oibleagáid maidir le deisiúchán a chomhlíonadh.

Iarscríbhinn II. Féadfaidh an táirgeoir ***earra athsholáthair, lena n-áirítear*** earraí ***athchóirithe, a thairiscint don tomhaltóir fad a bheidh*** an deisiú ***á dhéanamh.*** Féadfaidh an táirgeoir deisiúchán a ligean ar fochonradh chun a oibleagáid maidir le deisiúchán a chomhlíonadh.

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní dhéanfaidh táirgeoirí na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) deisiú feiste a dhiúltú ar an bhforas go ndearna deisitheoir neamhspleách nó deisitheoir gairmiúil é a dheisiú roimhe sin nó i gcás ina ndearnadh deisiú roimhe sin trí pháirteanna spártha neamhbhunaidh ach comhoiriúnacha a úsáid agus ní chuirfidh siad aon teorainneacha conarthacha, crua-earraí nó bogearraí chun feidhme ar dheisiúcháin a n-earraí ag deisitheoirí neamhspleácha nó gairmiúla,*** |
| | ***(b) ní bheidh oibleagáid orthu na hearraí sin a dheisiú i gcás ina bhfuil deisiú dodhéanta go fíorasach nó go dlíthiúil.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil an táirgeoir a bhfuil oibleagáid air deisiúchán a dhéanamh de bhun mhír 1 bunaithe lasmuigh den Aontas, comhlíonfaidh a | 2. I gcás ina bhfuil an táirgeoir a bhfuil oibleagáid air deisiúchán a dhéanamh de bhun mhír 1 bunaithe lasmuigh den Aontas, comhlíonfaidh a |

| | |
|---|---|
| ionadaí údaraithe san Aontas oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon ionadaí údaraithe ag an táirgeoir san Aontas, comhlíonfaidh allmhaireoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon allmhaireoir ann, comhlíonfaidh dáileoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. | ionadaí údaraithe san Aontas oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon ionadaí údaraithe ag an táirgeoir san Aontas, comhlíonfaidh allmhaireoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. I gcás nach bhfuil aon allmhaireoir ann, comhlíonfaidh dáileoir an earra lena mbaineann oibleagáid an táirgeora. ***I gcás nach bhfuil aon dáileoir ann, déanfaidh an miondíoltóir nó an margadh ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích oibleagáid an táirgeora a chomhlíonadh. An t-oibreoir eacnamaíoch atá faoi oibleagáid deisiú a dhéanamh, déanfaidh sé an deisiú laistigh den Aontas nó, más gá an deisiú a dhéanamh lasmuigh den Aontas, ar bhealach nach mbeidh ina chúis le tréimhse feithimh níos faide ar an earra deisithe nó le costais mhéadaithe don tomhaltóir, lena n-áirítear an t-am agus na costais a bhaineann le lastas.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh táirgeoirí go mbeidh rochtain ag deisitheoirí neamhspleácha ar pháirteanna spártha agus ar fhaisnéis agus uirlisí a bhaineann le deisiúchán i gcomhréir leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II. | 3. Áiritheoidh táirgeoirí go mbeidh rochtain ag deisitheoirí neamhspleácha ***agus gairmiúla, athchóiritheoirí agus, i gcás inarb iomchuí, úsáideoirí deiridh,*** ar pháirteanna spártha, ***ar feadh shaolré ionchasach an táirge ar a laghad, lena n-áirítear bunpháirteanna spártha nó páirteanna a thagann as díchóimeáil táirgí neamh-indeisithe i gcomhréir leis na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a bhaineann le deisiúchán*** agus faisnéis maidir le deisiúchán, ***treoracha*** agus uirlisí***, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, uirlisí diagnóiseacha agus rochtain ar shonraí, ar phraghas réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach,*** i gcomhréir leis na gníomhartha dlí de chuid |

an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II ***gan dochar do chosaint faisnéise íogaire agus rún gnó dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]***.

______________

***[1a] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise gan nochtadh agus faisnéis ghnó (rúin trádála) ar a n-éadáil, a n-úsáid agus a nochtadh neamhdhleathach (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Cuirfidh táirgeoirí ar fáil ar a suíomhanna gréasáin an fhaisnéis a bhaineann le deisiú, amhail praghsanna deisithe agus praghsanna páirteanna spártha i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir lena phróiseas meastóireachta faoi [Airteagal 8a] measúnú ar an meastóireacht ar phraghsanna deisiúcháin.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás nach gcuirtear páirteanna spártha ar fáil a thuilleadh, soláthróidh an táirgeoir, cé is moite de FBManna, i bhformáid leictreonach, i gcás inarb*** |

***ábhartha, tar éis iarraidh a bhfuil bonn cirt léi ina leagtar amach úsáid shonrach na faisnéise agus aird á tabhairt ar an ngá atá le sábháilteacht táirgí a chosaint, an fhaisnéis agus na treoracha is gá maidir le priontáil 3T na bpáirteanna spártha, gan dochar do chosaint faisnéise íogaire agus rún gnó dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/943.***

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun Iarscríbhinn II a leasú tríd an liosta de ghníomhartha dlí an Aontais lena leagtar síos ceanglais indeisitheachta a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí reachtacha. | 4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun Iarscríbhinn II a leasú tríd an liosta de ghníomhartha dlí an Aontais lena leagtar síos ceanglais indeisitheachta a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí reachtacha. ***Nuair a chumhdaítear earra nua le ceanglas reachtach de chuid an Aontais maidir le hindeisitheacht, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe den sórt sin laistigh de bhliain amháin.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 5a*** |
| | ***Ceart na dtomhaltóirí chun deisiúcháin*** |
| | ***1. Beidh tomhaltóirí in ann deisiú ardcháilíochta agus inacmhainne a lorg ón soláthraí dá rogha féin.*** |

***2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le tomhaltóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí deisithe, ag an táirgeoir nó ag deisitheoirí údaraithe agus deisitheoirí neamhspleácha, chun earra lochtach a chur ar ais i riocht ina gcomhlíonann sé an úsáid atá beartaithe dó, agus a bhfuil sé mar sprioc dheiridh aige a saolré a fhadú.***

***3. Áiritheoidh na Ballstáit iomaíocht chóir in earnáil an deisiúcháin trí rochtain neamh-idirdhealaitheach a áirithiú, ar phraghas réasúnta, ar pháirteanna spártha, i gcás inarb infheidhme, ar uirlisí diagnóise agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil, do ghníomhaithe uile na hearnála deisiúcháin.***

***4. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun cosc a chur ar chleachtais ag táirgeoirí a chuireann cosc ar thomhaltóirí a gceart chun deisiúcháin a fheidhmiú.***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh táirgeoirí tomhaltóirí ar an eolas faoina n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh de bhun Airteagal 5 agus go soláthróidh siad faisnéis faoi na seirbhísí deisiúcháin ar bhealach atá inrochtana go héasca, soiléir agus sothuigthe***, mar shampla*** tríd an ardán ar líne dá dtagraítear in Airteagal 7. | Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh táirgeoirí tomhaltóirí ar an eolas faoina n-oibleagáid deisiúchán a dhéanamh de bhun Airteagal 5 agus go soláthróidh siad faisnéis faoi na seirbhísí deisiúcháin ar bhealach atá inrochtana go héasca, soiléir agus sothuigthe, tríd an ardán ar líne dá dtagraítear in Airteagal 7***, trína suíomhanna gréasáin agus ag an díolphointe***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Gheofar an fhaisnéis faoi oibleagáidí freisin ar phas táirge digiteach lena n-áirítear faisnéis agus tionscnamh na bpáirteanna, agus treoirlínte maidir le deisiú. I gcás inar féidir, áireofar sa phas táirge digiteach treoirlínte féindeisiúcháin, faisnéis faoi na páirteanna spártha agus na huirlisí is gá agus an saineolas sábháilteachta agus teicniúil is gá don deisiú á gcur san áireamh. Léireofar go soiléir sna treoirlínte na cásanna nach gcuirtear féindeisiú in iúl iontu.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Forbróidh na Ballstáit feachtais ardaithe feasachta chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta faoi Threoir 2019/771 agus faoin gceart chun deisiúcháin, lena n-áirítear oibleagáidí ar tháirgeoirí, mar a leagtar síos faoin Treoir seo.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardán amháin ar líne ar a laghad ann dá gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí a aimsiú. Déanfaidh an t-ardán sin an méid seo a leanas: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardán amháin ar líne ar a laghad ann dá gcríoch lenar féidir le tomhaltóirí deisitheoirí ***agus tionscnaimh phobail deisiúcháin amhail caiféanna deisiúcháin*** a aimsiú. Déanfaidh an t-ardán sin an méid seo a leanas: |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) áireofar ann feidhmeanna cuardaigh maidir le hearraí, suíomh seirbhísí deisiúcháin, dálaí deisithe, lena n-áirítear an t-am is gá chun an deisiúchán a chur i gcrích, infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair agus ***an áit*** a dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh le haghaidh deisiúcháin, infhaighteacht agus coinníollacha seirbhísí coimhdeacha, lena n-áirítear baint, suiteáil agus iompar, a thairgeann deisitheoirí, agus na caighdeáin cháilíochta Eorpacha nó náisiúnta is infheidhme; | (a) áireofar ann feidhmeanna cuardaigh maidir le hearraí, suíomh seirbhísí deisiúcháin, ***lena n-áirítear feidhm léarscáilbhunaithe,*** dálaí deisiúcháin, lena n-áirítear an t-am is gá chun an deisiú a chur i gcrích, infhaighteacht earraí sealadacha athsholáthair agus ***an suíomh*** ina dtugann an tomhaltóir na hearraí ar láimh lena ndeisiú, infhaighteacht agus coinníollacha seirbhísí coimhdeacha, lena n-áirítear tabhairt ar shiúl, suiteáil agus iompar, arna dtairiscint ag deisitheoirí, agus na caighdeáin cháilíochta Eorpacha nó náisiúnta is infheidhme; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cead a thabhairt do thomhaltóirí deisitheoirí a rátáil nó trácht a dhéanamh orthu;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) a bheith so-úsáidte agus iomasach le haghaidh tomhaltóirí, go háirithe*** |

| | |
|---|---|
| | ***daoine scothaosta:*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis so-rochtana agus cothrom le dáta.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áirítear ar an ardán ar líne freisin feidhm chuardaigh de réir catagóir táirgí chun díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú a aimsiú. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áirítear ar an ardán ar líne freisin feidhm chuardaigh de réir catagóir táirgí chun díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú a aimsiú. ***Ní dhéanfaidh deisitheoirí a dhíolann earraí nua freisin na hearraí nua sin a chur chun cinn tríd an ardán ar líne.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is ar bhonn deonach a dhéanfar clárú ar an ardán ar líne le haghaidh deisitheoirí, chomh maith le díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú. Cinnfidh na Ballstáit an rochtain ar an ardán i gcomhréir le dlí an | 3. Is ar bhonn deonach a dhéanfar clárú ar an ardán ar líne le haghaidh deisitheoirí, chomh maith le díoltóirí earraí atá faoi réir athchóirithe agus ceannaitheoirí earraí lochtacha lena n-athchóiriú. Cinnfidh na Ballstáit an rochtain ar an ardán i gcomhréir le dlí an |

| | |
|---|---|
| Aontais. Beidh úsáid an ardáin ar líne saor in aisce do thomhaltóirí. | Aontais. Beidh úsáid an ardáin ar líne saor in aisce do thomhaltóirí ***agus do dheisitheoirí***. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní bheidh d'oibleagáid ar na Ballstáit foráil d'ardán nua i gcás inarb ann cheana d'ardán náisiúnta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach san airteagal seo.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Bunóidh na Ballstáit tairseach idirlín náisiúnta mheasín-inléite trína bhféadfaidh baill den phobal rochtain saor in aisce a fháil ar an ardán ar líne nó na hardáin ar líne a bunaíodh i gcomhréir le mír 1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar ar an tairseach faisnéis faoin Aontas agus faisnéis náisiúnta a bhaineann le deisiú, ar bhealach a bheidh áisiúil don tomhaltóir. Áireofar san fhaisnéis sin forléargas ar chearta dlíthiúla tomhaltóirí maidir le táirge a dheisiú agus sonraí teagmhála na gcomhlachtaí ábhartha um réiteach malartach díospóide a láimhseálann gearáin ó thomhaltóirí, agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi dhreasachtaí airgeadais agus fioscacha chun costais deisiúcháin a laghdú;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Glacfaidh na Ballstáit, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus an Coimisiún bearta iomchuí chun a áirithiú gurb eol do thomhaltóirí an t-ardán a bheith ann agus go mbeidh siad ar an eolas faoi na seirbhísí a bheidh á dtairiscint ag ar an ardán ar líne agus an tairseach idirlín, lena n-áirítear trí fheachtais muscailte feasachta a bheidh spriocdhírithe agus cuimsitheach lena n-áirítear ag an díolphointe.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. Déanfaidh na Ballstáit nasc na n-ardán agus na tairsí ar líne le haghaidh deisiúcháin atá ann cheana ar a gcríoch a chur in iúl don Choimisiún faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus an nasc le haghaidh gach ardán nua ar líne le haghaidh deisiúcháin laistigh de mhí amháin tar éis a seolta. Coinneoidh an Coimisiún bunachar sonraí d'ardáin ar líne le haghaidh deisiúcháin arna chlárú laistigh de na Ballstáit atá ar fáil go poiblí agus a bhfuil rochtain éasca air agus atá meaisín-inléite.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Dreasuithe i leith deisiúcháin*** |
| | ***1. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun tacú le deisiúchán inacmhainne do thomhaltóirí. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na bearta sin dreasachtaí fioscacha agus airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh, chun deisiúchán a dhéanamh níos tarraingtí do thomhaltóirí.*** |
| | ***2. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfar bearta iomchuí chun cabhrú le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide faoi chuimsiú bhrí Mholadh 2003/362/CE ón gCoimisiún na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo a chur i bhfeidhm.*** |
| | ***3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta iomchuí chun tacú le hoiliúint deisiúcháin san Aontas chun dul i ngleic leis an nganntanas scileanna chun seirbhísí indeisitheachta a áirithiú amach anseo.*** |
| | ***4. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún faoina ndea-chleachtais maidir leis na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1. Déanfaidh an Coimisiún an méid sin a chur ar fáil go poiblí.*** |
| | ***5. Faoin [3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus measúnú ar a éifeachtaí atá na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit maidir le deisiú a chur chun cinn ina gcríocha.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Meastóireacht*** |
| | ***Faoin … [4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún an Treoir seo a mheas agus go háirithe déanfaidh sé measúnú ar an tionchar a bhí aici ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ar an leibhéal cosanta do thomhaltóirí, ar an tionchar a bhí aici ar ghnólachtaí, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar an bhfeabhas ar thomhailt inbhuanaithe táirgí. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur le chéile ar na príomhthorthaí agus í a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach agus measúnú tionchair ag gabháil leis an tuarascáil.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – Tábla 2 – ró 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Praghas le haghaidh an deisiúcháin nó, mura féidir é a ríomh, an modh ríofa is infheidhme agus an t-uasphraghas le haghaidh an deisiúcháin | Praghas ***iomlán*** le haghaidh an deisiúcháin ***agus, i gcás inarb indéanta, liosta mionsonraithe de na costais uile*** nó, mura féidir é a ríomh, an modh ríofa is infheidhme, ***an praghas measta,*** agus an t-uasphraghas le haghaidh an deisiúcháin. |
| [Ciallaíonn sé sin an méid iomlán nó, mura féidir é sin a ríomh, an modh ríofa agus an uasteorainn le haghaidh na seirbhíse deisiúcháin, in EUR nó san airgeadra náisiúnta] | [Ciallaíonn sé sin an méid iomlán ***agus i gcás inarb indéanta an costas do gach costas (lena n-áirítear costais saothair, costais do gach páirt spártha a bhfuil gá léi nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus costais seachadta ach gan a bheith teoranta do na costais sin)*** nó, mura féidir é sin a ríomh, an modh ríofa, ***an praghas*** |

| | |
|---|---|
| | ***measta*** agus an uasteorainn le haghaidh na seirbhíse deisiúcháin, in EUR nó san airgeadra náisiúnta]. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – Tábla 2 – ró 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áit deisiúcháin | ***Suíomh nó modhanna aistrithe le haghaidh deisiúcháin*** |
| [An áit ***a ndéanann an deisitheoir an deisiúchán***, cuir i gcás, ag áit chónaithe an tomhaltóra, ag suíomh na saoráide deisiúcháin nó in áit eile] | ***[An áit ina dtugann an tomhaltóir an t-earra lena dheisiú ar láimh nó an modh trína dtugann an tomhaltóir an t-earra lena dheisiú ar láimh,*** mar shampla, ag áit chónaithe an tomhaltóra ***nó*** ag suíomh na saoráide deisiúcháin, ***nó modh lastais an earra chuig an ndeisitheoir]*** |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Is ar bhonn deonach a cuireadh an liosta a leanas le chéile, faoi fhreagracht an rapóirtéara amháin. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine a leanas agus an dréacht-tuarascáil á hullmhú aici:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| APPLiA - Home Appliance Europe |
| Back Market |
| BEUC (The European Consumer Organisation) |
| BUSINESSEUROPE |
| DIGITALEUROPE |
| EUREFAS - the European refurbishment association |
| The Right to Repair Europe |
| SMEunited |
| |
| |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0155 – C9-0117/2023 – 2023/0083(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>17.4.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>17.4.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 12.7.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Sunčana Glavak<br>21.6.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 4.9.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 81<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Amalric, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Jan Huitema, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Sándor Rónai, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Nils Torvalds, Edina Tóth, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, João Albuquerque, Mercedes Bresso, Milan Brglez, Catherine Chabaud, Dacian Cioloş, Christophe Clergeau, Estrella Durá Ferrandis, Jens Gieseke, Romana Jerković, Radan Kanev, Ska Keller, Norbert Lins, Sara Matthieu, Manuela Ripa, Christel Schaldemose, Susana Solís Pérez, Grzegorz Tobiszowski, Nikolaj Villumsen |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pascal Arimont, Konstantinos Arvanitis, Alessandra Basso, Ana Collado Jiménez, Niclas Herbst, Ladislav Ilčić, Virginie Joron, Alice Kuhnke, Elżbieta Rafalska, Tineke Strik, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 81 | + |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Teuvo Hakkarainen, Ladislav Ilčić, Joanna Kopcińska, Elżbieta Rafalska, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra |
| ID | Matteo Adinolfi, Alessandra Basso, Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Virginie Joron, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| NI | Maria Angela Danzì, Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| PPE | Pascal Arimont, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Ana Collado Jiménez, Christian Doleschal, Jens Gieseke, Niclas Herbst, Radan Kanev, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Norbert Lins, Marian-Jean Marinescu, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Lucia Vuolo |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Dacian Cioloş, Martin Hojsík, Jan Huitema, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Susana Solís Pérez, Nils Torvalds, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Marek Paweł Balt, Mercedes Bresso, Milan Brglez, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Estrella Durá Ferrandis, Heléne Fritzon, Romana Jerković, César Luena, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Sándor Rónai, Christel Schaldemose, Tiemo Wölken |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, Petros Kokkalis, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Margrete Auken, Ska Keller, Alice Kuhnke, Sara Matthieu, Tilly Metz, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Tineke Strik |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Sylvia Limmer |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394, Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0155 – C9-0117/2023 – 2023/0083(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 23.3.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>17.4.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI JURI<br>17.4.2023 17.4.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | JURI<br>26.6.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>12.7.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | René Repasi<br>18.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 27.3.2023 18.7.2023 9.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Maria Grapini, Svenja Hahn, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Geoffroy Didier, Malte Gallée, Claude Gruffat, Catharina Rinzema, Dominik Tarczyński, Stéphanie Yon-Courtin |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Minardi |
| **Dáta don chur síos** | 30.10.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Dominik Tarczyński |
| ID | Alessandra Basso, Eric Minardi |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Geoffroy Didier, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Catharina Rinzema, Róża Thun und Hohenstein, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Alex Agius Saliba, Laura Ballarín Cereza, Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose |
| The Left | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, Malte Gallée, Claude Gruffat, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 2 | - |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |
| Renew | Svenja Hahn |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh